Foras na Gaeilge

**Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge**
**don bhliain 2008**

***Tionóladh Cruinnithe Boird ar na dátaí seo thíos:***


| ***Dáta*** | ***Leathanach*** |
|---|---|
| 25 Eanáir | *2* |
| 14 Márta | *4* |
| 18 Aibreán | *14* |
| 20 Meitheamh | *19* |
| 19 Meán Fómhair | *24* |
| 14 Samhain | *42* |
| 15 Nollaig | *51* |

**Miontuairiscí an 63ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 25 Eanáir, 2008 in Óstán Ballymascanlon, Co. Lú.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl, Cathaoirleach, E. Mac Cormaic, Leaschathaoirleach, M. Gallagher, L. Kennedy, M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín, S. Breathnach, A. Nic Chárthaigh, D. Ó Béarra, Á. Andrews, L. Bhreathnach, P. Ó Biadha, M. Mac Ruairí agus É. Kinch.

**Leithscéal:**. D. Ó Murchú agus N. Henry.

**Ag freastal:** Na feidhmeannaigh: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin agus C. Ní Chonghaile.

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí chuig an chéad chruinniú den Bhord nua.

**01.63 MIONTUAIRISCÍ DEN 10 NOLLAIG 2007**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

D'aontaigh an Bord go bhfoilseofaí na miontuairiscí Boird i nGaeilge ar shuíomh idirlín an Fhorais www.gaeilge.ie agus go ndéanfaí plé ar an cheist seo arís amach anseo.

**NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí.

**02.63 CUR IN AITHNE**

Chuir na comhaltaí ar fad iad féin in aithne agus thug eolas ar na spéiseanna acu féin.

**03.63 STRUCHTÚR AGUS OBAIR FHORAS NA GAEILGE**

Rinne an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí cur i láthair don Bhord ar struchtúr agus obair Fhoras na Gaeilge.

**04.63 DÁTAÍ LE hAGHAIDH CRUINNITHE GO DEIREADH NA BLIANA**

Bhí plé ann maidir le dátaí cruinnithe Boird go deireadh na bliana agus aontaíodh ar na dátaí seo a leanas:
14 Márta – Baile Átha Cliath

18 Aibreán – Béal Feirste

20 Meitheamh – Baile Átha Cliath

19 Meán Fómhair – Béal Feirste

14 Samhain – Baile Átha Cliath

15 Nollaig – Béal Feirste

**05.63 CEAPADH AN CHOISTE INIÚCHTA**

Moladh na baill seo a leanas don Choiste Iniúchta:

| |
|---|
| Tá faisnéis faoi bhallraíocht an choiste fágtha gan nochtadh anseo de bhaol canbhasála. |

Ghlac an Bord leis an moladh.

Thug an Bord cead don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach duine eile a ainmniú ar an Choiste sa chás nár theastaigh ó dhuine de na baill sheachtracha leanúint ar aghaidh mar bhall den Choiste Iniúchta.

**06.63 CEARDLANN OILIÚNA DON FHORAS TEANGA**

Tháinig Bord an Fhoras Teanga le chéile agus rinne Iniúchóir Inmheánach Fhoras na Gaeilge, T. Bluett, agus D. Nicholl ó CIPFA cur i láthair ar ról Chomhalta Boird agus ar choimhlint leasa.

Liam Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
14 Márta 2008

**Miontuairiscí an 64ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine, 14 Márta, 2008 in Oifig Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl, Cathaoirleach, E. Mac Cormaic, Leas-Chathaoirleach, Á. Andrews, D. Ó Béarra, P. Ó Biadha, L. Bhreatnach, S. Breathnach, A. Nic Chárthaigh, M. Gallagher, M. Nic Giolla Mhichíl, L. Kennedy, É. Kinch, D. Ó Murchú C. Nic Pháidín, M. Mac Ruairí.

**Leithscéal:** N. Henry.

**Ag freastal:** Na feidhmeannaigh: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, S. Ó Cearnaigh agus C. Ní Chonghaile.

## 01.64 MIONTUAIRISCÍ DEN 25 EANÁIR 2007

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

### NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Ní raibh aon rud ag éirí as na miontuairiscí.

## 02.64 PLEAN GNÓ AGUS MEASTACHÁIN 2008

Cuireadh an dréacht is deanaí de Phlean Gnó 2008 agus Meastacháin 2008, le cáipéis le nótaí mínithe, bunaithe ar €20,707,000 a bheith ar fáil ó na Ranna urraíochta faoi bhráid an Bhoird.
Ghlac an Bord leis na meastacháin.

## 03.64 COISTÍ AN FHORAIS

Cuireadh cáipéis le moltaí le haghaidh Coistí an Fhorais agus Coistí seachtracha (féach Aguisín 1) faoi bhráid an Bhoird.

Ghlac an Bord leo.

## 04.64 AN COISTE TÉARMAÍOCHTA

Cuireadh cáipéis le moltaí maidir le ballraíocht an Choiste Téarmaíochta 2008-2011 faoi bhráid an Bhoird (féach Aguisín 2).

Ghlac an Bord leo.

## 05.64 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 29 FEABHRA 2008

Cuireadh Ráiteas Caiteachais go dtí 29 Feabhra 2008 faoi bhráid an Bhoird.

## 06.64 CLÁR NA LEABHAR GAEILGE

**D'fhág C. Nic Pháidín, M. Nic Giolla Mhichíl, E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí agus S. Ó Cearnaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Chuir an Príomhfheidhmeannach déanmhas an Choiste Mheasúnaithe a bhí bunaithe le plé le gnó Chlár na Leabhar Gaeilge in iúl don Bhord. Cuireadh buiséad 2008 (€1,807,452) agus moltaí maidir le scéimeanna éagsúla an Chláir faoi bhráid an Bhoird (féach Aguisín 3).

Ghlac an Bord leo.

## 07.64 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

**D'fhill C. Nic Pháidín, M. Nic Giolla Mhichíl, E. Mac Cormaic agus M. Mac Ruairí ar an chruinniú.**

Thug an Príomhfheidhmeannach tuairisc ar na cruinnithe seo a leanas:

- Grúpa Oibre CATT ar an 5 Márta. Chuir sé in iúl gur tógadh ceist in athuair faoi gan miontuairiscí an Fhorais a bheith ar fáil i mBéarla ar an suíomh idirlín.
- Coiste CEF ar an 28 Feabhra.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- go mbeadh cruinniú leis an CATT ar an 16 Aibreán,
- go mbeadh Ráiteas Airgeadais agus Tuarascáil Fhoras na Gaeilge 2007 agus Ráiteas Airgeadais Bhord na Leabhar Gaeilge 2007 ag na húdaráis chuí faoin spriocdháta,
- nach raibh aon chinneadh déanta faoi Cholmcille,
- gur thuig sé go raibh poist le ceadú do Ghaoth Dobhair agus Bhéal Feirste ach go raibh ceisteanna a ardú faoi phoist a cheadú don Cheannáras.

Thug an Bord cead don Phríomhfheidhmeannach síneadh a chur leis an chonradh reatha leis an soláthróir seirbhísí chaidreamh poiblí go dtí 31 Lúnasa 2008. Beidh moltaí maidir le soláthar fadtréimhseach na seirbhíse seo faoi bhráid ag an chéad chruinniú eile.

## 08.64 COMHFHREAGRAS

Bhí plé ann maidir le cáipéisíocht do chruinnithe Boird a scaipeadh ar an ríomhphost. Beidh an cheist seo le plé arís ag an chéad Chruinniú Boird eile.

## 09.64 TUAIRISC OIBRE

Thug an Bord suntas don tuairisc oibre Nollaig 2007 – Feabhra 2008.

## 10.64 AON GHNÓ EILE

Tógadh ceist maidir leis an chonradh reatha le Preas an Phobail le *Lá Nua* a fhoilsiú. Athdearbhaíodh go raibh Preas an Phobail sásta leanúint leis an chonradh go deireadh na bliana 2008.

Moladh go ndéanfadh an feidhmeannas teagmháil leis na grúpaí a leanas maidir le húsáid na Gaeilge: RTÉ, TG4, BBC, Aer Lingus agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Ardaíodh ceist faoi gan nós imeachta a bheith luaite i mBuan-Orduithe an Bhoird le go bhféadfadh comhaltaí cruinniú éigeandála a lorg.

L. Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
18 Aibreán 2008

## Aguisín 1

**Foras na Gaeilge**

**Cruinniú: 14 Márta 2008**
**Mír: 3 Coistí an Fhorais**

# Coistí agus Ceapacháin Fhoras na Gaeilge 2008

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bhaol canbhasála.

Ar lean.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo de bhaol canbhasála.

# Aguisín 2

**Foras na Gaeilge**

**Cruinniú: 14 Márta 2008**
**Mír: 3 An Coiste Téarmaíochta 2008-2011**

## An Coiste Téarmaíochta 2008-2011

Cúlra:

1. Sa bhliain 2006, chuir fochoiste moltaí faoi bhráid an Bhoird bunaithe ar athbhreithniú a rinne Farrell Grant Sparks (FGS) ar an nGúm, Áis agus ar an gCoiste Téarmaíochta i 2004.
2. Rinneadh roinnt moltaí faoin gCoiste Téarmaíochta maidir leis an mbuanchoiste agus an gcoiste stiúrtha, déanmhas an choiste, tréimhse ceapacháin srl.
3. Scríobh Foras na Gaeilge i Feabhra 2008 ag baill reatha an bhuanchoiste agus an choiste stiúrtha ag iarraidh orthu a chur in iúl cé acu an mbeidís sásta leanúint ar aghaidh ar an gCoiste Téarmaíochta nó nach mbeadh.
4. Bunaithe ar na freagraí a fríothadh, ar mholtaí an fhochoiste i 2006, agus le hardchaighdeán obair an Choiste Téarmaíochta a chinntiú, táthar sásta na moltaí seo a leanas a chur faoi bhráid an Bhoird:
   a. An Buanchoiste agus an Coiste Stiúrtha mar a bhí go dtí seo a nascadh le chéile, agus gurb é "An Coiste Téarmaíochta" ainm an choiste.
   b. Gurb é ráiteas misin an Choiste Téarmaíochta ná:

**"Téarmaíocht údarásach chaighdeánach i nGaeilge a fhorbairt, a fhaomhadh agus a chur ar fáil chun acmhainn na teanga mar mheán nua-aoiseach i sochaí nua-aoiseach a mhéadú, de réir na riachtanas reachtúil"**

   c. Go mbeidh 11 chruinniú sa bhliain ag an gcoiste – 10 gcinn le téarmaí a phlé agus a cheapadh agus ceann sa bhreis – An Cruinniú Cinn Bhliana.
   d. Go gceapfar na daoine seo a leanas ar an gCoiste Téarmaíochta don tréimhse 14 Márta 2008 – 13 Márta 2011, agus gur tréimhse trí bliana a bheidh i gceist don Choiste Téarmaíochta feasta:
      i. Dr Antain Mac Lochlainn, Cathaoirleach
      ii. Dr Eoghan Ó Súilleabháin, Leas-Chathaoirleach
      iii. Fidelma Ní Ghallchobhair, Rúnaí
      iv. Liam Mac Con Iomaire
      v. An tOll. Micheál Mac Craith
      vi. An Dr Máirín Nic Eoin
      vii. Póilín Ní Chiaráin
      viii. Máire Nic Mhaoláin
      ix. *Gearóid Ó Casaide, **Rannóg an Aistriúcháin**
      x. Aodh Ó Domhnaill
      xi. Eoin Ó Droighneáin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
      xii. Dr Éamonn Ó hÓgáin
      xiii. *Dr Pádraig Ó Mianáin, **Eagarthóir Foclóireachta**
      xiv. Liam P. Ó Murchú
      xv. *Seosamh Ó Murchú, **An Gúm**
      xvi. Donla uí Bhraonáin
      xvii. *Ionadaí **FIONTAR**
      xviii. *Tadhg Ó hÚrdail, **Comhairle na nAirí**
      xix. *Córa de Paor, **An Coimisiún Eorpach**
      xx. *Labhrás Ó Finneadha, **Parlaimint na hEorpa**

* Ceapacháin *ex officio* iad seo .i. go mbeidh ionadaíocht ag na heagraíochtaí, na rannóga agus na hinstitiúidí seo ó cheart ach amháin má chinneann Foras na Gaeilge a mhalairt ó am go ham.

   e. Tugtar ionadaíocht do na hinstitiúidí Eorpacha (xviii – xx) ar an gcoinníoll go n-íocfaidh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta as costais na n-ionadaithe s'acu.
   f. Go ndéanfaidh an Coiste Téarmaíochta rialacha seasta do riar na gcruinnithe a dhréachtadh agus a aontú faoin 30 Bealtaine 2008 le cur faoi bhráid Bhord Fhoras na Gaeilge.

## Aguisín 3

**Foras na Gaeilge**

**Cruinniú: 14 Márta 2008**
**Mír: 6 Clár na Leabhar Gaeilge**

# Clár na Leabhar Gaeilge: Caiteachas measta na bliana 2008

| | | |
|---|---|---|
| **Feidhmeannas** | | |
| Tuarastail | 135,371.00 | |
| Trealamh Oifige | 9,000.00 | |
| Riarachán eile | 98,000.00 | |
| Sainchomhairle | 22,000.00 | **264,371.00** |
| **Bord** | | |
| Costas na gCruinnithe | 5,000.00 | |
| Taisteal | 40,000.00 | **45,000.00** |
| **Foilsitheoireacht** | | |
| Scéim na Foilsitheoireachta | 968,081.00 | **968,081.00** |
| **Scríbhneoireacht** | | |
| Scéimeanna Scríbhneoireachta | 260,000.00 | |
| Scríobh Leabhar (COGG) | 60,000.00 | |
| Ceardlanna Scríbhneoireachta | 5,000.00 | **325,000.00** |
| **Léitheoireacht** | | |
| Ceardlanna Léirmheastóireachta | 10,000.00 | |
| ILÉ | 35,000.00 | **45,000.00** |
| **Gníomhaíochtaí Eile** | | |
| Oireachtas (duaiseanna & poiblíocht) | 75,000.00 | |
| Féilte éagsúla | 35,000.00 | |
| Raidió Fáilte | 10,000.00 | **120,000.00** |
| **Margaíocht** | | |
| Leabhar Power | 40,000.00 | **40,000.00** |
| **MÓRIOMLÁN** | | **1,807,452** |

## Scéimeanna Scríbhneoireachta

***Scéim na nOidí***

Moltar na suimeanna a leanas a íoc faoi na scéimeanna éagsúla:

**Ficsean**

| | | |
|---|---|---|
| Oide & Íocaí | Dermot Somers | 2,850 |
| Ábhar Scríbhneora & Íocaí | Muireann Ní Cheannabháin | 1,000 |

**Filíocht**

| | | |
|---|---|---|
| Oide & Íocaí | Nuala Ní Dhomhnaill | *2,850* |
| *Ábhar Scríbhneora & Íocaí* | Ursula Ní Choill | *1,000* |

**Úrscéalta**

| | | |
|---|---|---|
| Oide & Íocaí | Seán Mac Mathúna | *2,850* |
| *Ábhar Scríbhneora & Íocaí* | Éilís Ní Anluain | *1,000* |

**Gearrscéalta**

| | | |
|---|---|---|
| Oide & Íocaí | Ré Ó Laighléis | *2,850* |
| *Ábhar Scríbhneora & Íocaí* | Esther Gobh Uí Nualláin | *1,000* |

**Taisteal**

| | | |
|---|---|---|
| Oide & Íocaí | Ré Ó Laighléis | *2,850* |
| *Ábhar Scríbhneora & Íocaí* | Pádraig Ó Baoighill | *1,000* |

***Iomlán: €19,250 (€7,500 i 2008 agus €11,750 i 2009 )***

***Scoláireachtaí Taighde***

| ***Scríbhneoir*** | ***Réimse*** | ***Méid a moladh €*** |
|---|---|---|
| Liam Mac Cóil | Ficsean, stair, ceol, dialannaíocht | 2,000 |

***Iomlán: €2,000 (€2,000 measta le caitheamh i 2008)***

***Scéim na gCoimisiún***

**Cló Iar-Chonnachta**

| ***Scríbhneoir*** | ***Méid a moladh €*** | ***Réimse*** |
|---|---|---|
| Mícheál Ó Ruairc | 6,000 | Scéalta do dhéagóirí |
| Frank Reidy | 10,000 | Taisteal |
| Pádraig Standún | 12,000 | Úrscéal éadrom |
| Anna Heusaff | 12,000 | Úrscéal bleachtaireachta |
| Jackie Mac Donncha | 8,000 | Úrscéal éadrom |
| Riarachán | 5,000 | |
| **Iomlan** | **€53,000** | |

**Coiscéim**

| ***Scríbhneoir*** | ***Méid a moladh €*** | ***Réimse*** |
|---|---|---|
| Tomás Mac Síomóin | 10,000 | Úrscéal comhaimseartha |
| Seán Ua Cearnaigh | 2,500 | Úrscéal do dhéagóirí |
| Aindrias Ó Cathasaigh | 10,000 | Stair na Gaeilge |

| | | |
|---|---|---|
| Mícheál Ó Bréartúin | 7,500 | Stair |
| Eoghan Ó Néill | 4,000 | Taisteal |
| Pádraig Ó Baoighill | 7,000 | Béaloideas |
| Simon Ó Faoláin | 5,000 | Filíocht |
| Colette Nic Aodha | 6,000 | Filíocht |
| Riarachán | 8,000 | |
| Iomlán | **€60,000** | |

**Cois Life**

| *Scríbhneoir* | *Méid a moladh €* | *Réimse* |
|---|---|---|
| Siobhán Parkinson | 10,000 | Úrscéal do dhaoine óga |
| Dermot Somers | 10,000 | Úrscéal |
| Donla Uí Bhraonáin | 6,500 | Stair Seanfhocail |
| Áine Ní Ghlinn | 10,000 | Úrscéal do dhéagóirí |
| Riarachán | 4,000 | |
| Iomlán | **€40,500** | |

**Leabhar Breac**

| *Scríbhneoir* | *Méid a moladh €* | *Réimse* |
|---|---|---|
| Liam Mac Cóil | 12,000 | Úrscéal |
| Darach Ó Scolaí | 10,000 | Úrscéal do pháistí |
| Riarachán | 2,000 | |
| Iomlán | **€24,000** | |

**Futa Fata**

| *Scríbhneoir* | *Méid a moladh €* | *Réimse* |
|---|---|---|
| Tadhg Mac Dhonnagáin | 7,000 | Amhráin do dhaoine óga |
| Riarachán | 1,000 | |
| Iomlán | **€8,000** | |

*Iomlán: €185,500 (€133,700 i 2008 agus €51,800 i 2009)*

Moladh deontas €20,000 a chur ar fáil don tréimhse 01 M. Fómhair go 31 Nollaig 2008 le haghaidh COGG leis an scéim Scríobh Leabhar, scéim i gcomhar le hionaid oideachais roghnaithe le páistí a spreagadh chun léitheoireachta agus chun scríbhneoireachta a reáchtáil.

## Scéim na Foilsitheoireachta

### Grúpa A

| *Eagraíocht* | *Méid Iarrtha €* | *Méid molta €* |
|---|---|---|
| Cló Iar-Chonnachta | 210,000 | 138,546 |
| Cois Life | 152,750 | 138,000 |
| Cló Mhaigh Eo | 104,511 | 75,000 |
| FÁS | 20,935 | 20,935 |
| Móinín | 109,200 | 52,600 |
| **Iomlán** | | **425,081** |

Moltar deontais nach mó ná **€425,081** a cheadú do Ghrúpa A don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2008 ach na grúpaí plean comhaontaithe a chur ar fáil.

## Grúpa B

| *Eagraíocht* | *Méid Iarrtha €* | *Méid molta €* |
|---|---|---|
| An Sagart | 72,850 | 60,000 |
| Leabhar Breac | 145,134 | 68,000 |
| An tSnáthaid Mhór | 97,438 | 40,000 |
| Futa Fata | 97,103 | 58,000 |
| Púca Press | 11,570 | 7,000 |
| Arlen House | 58,400 | 31,000 |
| Oidhreacht Chorca Dhuibhne | 15,000 | 15,000 |
| An Clóchomhar | 39,000 | 39,000 |
| Coiscéim | 393,665.58 | 220,000 |
| **Iomlán** | | **538,000** |

Moltar deontais nach mó ná **€538,000** a cheadú do ghrúpa B don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2008 ach na grúpaí plean comhaontaithe a chur ar fáil.

| *Eagraíocht* | *Méid Iarrtha €* | *Méid molta €* |
|---|---|---|
| Sliabh an Fhiolair | 23,200 | 0 |
| Glór na nGael | 40,950 | 0 |
| Cumann Seanchas Ard Mhacha | 1,000 | 0 |

Moltar gan aon mhaoiniú a chur ar fáil faoin scéim seo don 3 iarrthóir thuasluaite don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2008.

## Grúpa C

| *Eagraíocht* | *Méid Iarrtha €* | *Méid molta €* |
|---|---|---|
| Gael Linn | 24,300 | 0 |
| E. Ní Bhriain | 9,200 | 0 |

Moltar gan aon mhaoiniú a chur ar fáil don dá iarrthóir seo faoin scéim seo don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2008.

| *Eagraíocht* | *Méid Iarrtha €* | *Méid molta €* |
|---|---|---|
| Cló na Carraice | 22,700 | 5,000 |

Moltar deontas nach mó ná **€5,000** a chur ar fáil do Chló na Carraice don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2008 ach an eagraíocht plean comhaontaithe a chur ar fáil.

**Gníomhaíochtaí eile:**

| *Eagraíocht* | *Méid Iarrtha €* | *Méid molta €* |
|---|---|---|
| Oireachtas na Gaeilge | 75,000 | 75,000 |
| Raidió Fáilte | 15,000 | 10,000 |
| **Iomlán** | | **85,000** |

Moltar na deontais seo a chur ar fáil don tréimhse 01 Eanáir go 31 Nollaig 2008.

**Miontuairiscí an 65ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine, 18 Aibreán, 2008 in Oifig Fhoras na Gaeilge, Teach an Gheata Thiar, 2-4 Sráid na Banríona, Béal Feirste.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl, Cathaoirleach, E. Mac Cormaic, Leas-Chathaoirleach, Á. Andrews, D. Ó Béarra, P. Ó Biadha, L. Bhreatnach, S. Breathnach, A. Nic Chárthaigh, M. Gallagher, M. Nic Giolla Mhichíl, N. Henry, L. Kennedy, É. Kinch, D. Ó Murchú, C. Nic Pháidín, M. Mac Ruairí.

**Ag freastal:** Na feidhmeannaigh: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus O. Ní Raghallaigh.

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh N. Henry chuig a chéad chruinniú agus roimh N. Ní Ógáin a bhí ceaptha mar Chlárbhainisteoir: Airgeadas, Acmhainní Daonna agus Teicneolaíocht na Faisnéise.

**01.65 MIONTUAIRISCÍ DEN 14 MÁRTA 2008**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

**NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**

Ní raibh aon rud ag éirí as na miontuairiscí.

**02.65 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS**

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Ollscoil na Banríona | 0701296 | £3,298 |

Moladh deontas nach mó ná £1,561 a cheadú d'Ollscoil na Banríona.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| An Béal Binn Teo. | 0801366 | €80,000 |

Moladh deontas nach mó ná €69,291.00 a cheadú don Bhéal Binn Teo. do 2008.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Aisling Ghéar | 0801358 | £85,000 |

Moladh deontas nach mó ná £85,000 a cheadú d'Aisling Ghéar do 2008.
Ghlac an Bord leis na moltaí thuasluaite.
Ardaíodh ceist faoi liosta de na foirmeacha iarratais faoi bhun €50,000/£30,000 a bhí faighte ag an Fhoras a sholáthar do chomhaltaí. Aontaíodh go ndéanfadh an feidhmeannas an cheist seo a scrúdú agus go bpléifí arís í ag an chéad chruinniú eile.

Tógadh ceist maidir le hiarratais le haghaidh scéim de chuid an Fhorais nár shroich Oifig an Fhorais faoin spriocdháta de bharr faillí cúiréir. Iarradh ar an fheidhmeannas teagmháil a dhéanamh leis na hiarrthóirí agus gearán a dhéanamh leis an chúiréir.

**D'fhág E. Mac Cormaic an cruinniú don mhír seo mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha | Méid Molta |
|---|---|---|---|
| Glór – Gaeilge Locha Riach | 0801379.21 | €2,300 | €2,300 |
| Coiste Dúiche, Togra Mhaigh Eo - Cathair na Mart | 0801379.49 | €1,940 | €1,940 |
| Coiste Dúiche, Togra Mhaigh Eo Béal an Átha | 0801379.48 | €1,390 | €1,390 |
| Coiste Dúiche, Togra Mhaigh Eo Clár Clainne Mhuiris | 0801379.47 | €2,230 | €2,230 |
| Coiste Dúiche, Togra Mhaigh Eo Caisleán an Bharraigh | 0801379.46 | €1,850 | €1,850 |
| An Droichead | 0801379.20 | £3,430 | £3,430 |
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | 0801379.17 | £2,370 | £2,370 |

Ghlac an Bord leis na moltaí thuasluaite faoi Scéim na gCampaí Samhraidh.

**D'fhill E. Mac Cormaic.**

**03.65 BUAN-ORDUITHE-CRUINNIÚ SPEISIALTA/ÉIGEANDÁLA A GHAIRM**

Bhí dréachtmholadh maidir le cruinniú speisialta / éigeandála a ghairm faoi bhráid an Bhoird. Rinneadh leasú ar an mholadh agus cuirfear an moladh leasaithe thíosluaite faoi bhráid an chéad cruinniú eile.

Moladh:

1. (a) Go mbeidh cead ag an Chathaoirleach cruinniú speisialta / éigeandála a ghairm ag aon am.
1. (b) Má lorgaíonn 7 gComhalta cruinniú speisialta / éigeandála go ndéanfaidh an Cathaoirleach cruinniú speisialta a ghairm taobh istigh de 7 lá ó fhaigheann sé / sí an t-iarratas i scríbhinn agus é sínithe ag an 7 gcomhalta agus go reáchtalfar an cruinniú taobh istigh de 14 lá ó fhaigheann sé / sí an t-iarratas. Reáchtálfar aon chruinniú speisialta de réir gnáthnósanna imeachta an Bhoird.

1. (c) Sa chás go ngairtear cruinniú speisialta cuirfidh an Cathaoirleach in iúl don Phríomhfheidhmeannach cad é atá le bheith ar chlár an chruinnithe agus treoróidh sé/sí don Rúnaí an Cruinniú Speisialta a eagrú.

## 04.65 CEAPADH COMHAIRLEORA CAIDRIMH PHOIBLI

Ghlac an Bord leis an moladh comhairleoirí caidrimh phoiblí a cheapadh ar feadh tréimhse bliana (1 Meán Fómhair 2008 go dtí 31 Lúnasa 2009) chun comhairle agus áiseanna cumarsáide a sholáthar do ghníomhaíochtaí Fhoras na Gaeilge.

## 05.65 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 MÁRTA 2008 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2008

Scaipeadh ráiteas caiteachais (le nótaí mínithe) go dtí 31 Márta 2008 maraon le buiséad athbhreithnithe go dtí 31 Nollaig 2008.

Ghlac an Bord leis an bhuiséad athbhreithnithe

## 06.65 TREOIR BAINC

Cuireadh moladh maidir le hathruithe ar an treoir bainc faoi bhráid an bhoird.
(Aguisín 1)
Ghlac an Bord leo.

## 07.65 TUAIRISC ÓN gCOISTE INIÚCHTA

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc don Bhord ar an chruinniú den 26 Márta 2008.

## 08.65 TUAIRISC ÓN gCOISTE NUACHTÁIN AGUS IRISÍ

Thug Cathaoirleach an Choiste Nuachtáin agus Irisí tuairisc don Bhord ar an chruinniú den 11 Aibreán 2008.

Ghlac an Bord leis an moladh síneadh ama ar an chonradh reatha a thabhairt do Mhóinéar Teoranta chun FOINSE a fhoilsiú ón 1 Deireadh Fómhair go dtí 31 Nollaig 2008.

San idirlinn iarradh ar an choiste dréachtpholasaí á ullmhú don Bhord maidir le foilseachán nuachta Gaeilge. Moladh próiseas comhairliúcháin faoin cheist seo a fhógairt go poiblí. Tabharfar uasdátú ag an chéad chruinniú Boird eile.

## 09.65 TUAIRISC ÓN gCOISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA

**D'fhág E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, A Nic Chárthaigh agus Á. Andrews an cruinniú don mhír seo mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Thug Cathaoirleach an Choiste Polasaí agus Pleanála tuairisc don Bhord ar an chruinniú den 7 Aibreán 2008.

Mhol an Coiste Polasaí agus Pleanála go mbeadh comhairleoir ainmnithe ag na heagrais le tabhairt faoin athbhreithbiú i dteannta le comhairleoir an Fhorais. Níor ghlac an Bord leiis an moladh. Aontaíodh ar an modheolaíocht agus an amchlár a bhí molta don athbhreithniú ar na heagrais bhunmhaoinithe a bhí leagtha amach sa cháipéis a bhí faoi bhráid.

**D'fhill E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, A Nic Chárthaigh agus Á. Andrews.**

## 10.65 TUAIRISC AN PHRÍOMFHEIDHMEANNAIGH

Chuir an Príomhfheidhmeannach an Bord ar an eolas faoi:

- chruinniú den CATT a bhí beartaithe don 30 Aibreán,
- chúrsaí foclóireachta le bheith ar an chlár don chéad cruinniú Boird eile,
- chleachtas chomhlachtaí Stáit eile maidir le scaipeadh cáipéisíocht do chruinnithe Boird,
- chruinniú a bhí socraithe leis an BBC,
- sheimineár faoin Tumoideachas a bhí eagraithe don 28 Aibreán
- go raibh i gceist ag an Aire Ó Cuív, T.D. teacht i láthair ag an chruinniú Boird ar 20 Meitheamh.

## 11.65 COMHFHREAGRAS

Cuireadh in iúl go raibh an feidhmeannas ag plé le comhfhreagras ó Chomhaltas Uladh .

## 12.65 TUAIRISC OIBRE

Thug an Bord suntas don tuairisc oibre.

## 13.65 AON GHNÓ EILE

Pléadh an Ionstraim Reachtúil faoi fhorordú an churaclaim. D'iarr an Cathaoirleach ar chomhaltaí moltaí a chur chuig an fheidhmeannas maidir leis an cheist seo.

---

L. Ó Maolmhichíl
Cathaoirleach
20 Meitheamh 2008

## Aguisín 1

**RÚN MAIDIR LE TREOIR BAINC**

[Ní fhoilsítear an t-eolas seo a bhaineann le gnéithe ar leith de shocruithe baincéireachta Fhoras na Gaeilge mar gheall ar bhaol calaoise.]

**Miontuairiscí an 66ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 20 Meitheamh 2008 in Óstán an Mont Clare ag Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl, Cathaoirleach, E. Mac Cormaic, Leas-Chathaoirleach, D. Ó Béarra, P. Ó Biadha, L. Bhreatnach, S. Breathnach, A. Nic Chárthaigh, M. Gallagher, M. Nic Giolla Mhichíl, É. Kinch, D. Ó Murchú, C. Nic Pháidín, M. Mac Ruairí.

**Ag freastal:** Na feidhmeannaigh: F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, S. Ó Cearnaigh, N. Ní Ógáin, S. Uí Choinne agus C. Ní Chonghaile.

**Leithscéalta:** A. Andrews, L. Kennedy agus N. Henry.

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh S. Uí Choinne a bhí ceaptha mar Oifigeach Feidhmiúcháin in oifig an Phríomhfheidhmeannaigh.

## 01.66 MIONTUAIRISCÍ DEN 18 AIBREÁN 2008

Aontaíodh go mbaileofaí eolas faoi líon agus luach na dtograí fiúntacha a diúltaíodh i ngach scéim reatha de chuid an Fhorais sa dóigh is go bhféadfaí fianaise a sholáthar go bhfuil éileamh ann nach féidir a shásamh toisc cúinsí buiséid.

Aontaíodh go ndéanfadh an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach nós imeachta a ullmhú don chéad chruinniú eile maidir le moltaí ó choistí Boird agus an dóigh le cinntí a dhéantar ina leith a chlárú sna miontuairiscí.

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

## 02.66 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

Bhí plé ann faoi pholasaí choimhlint leasa an Fhorais agus an "dearbhú leasa" a bhí comhlánaithe ag comhaltaí an Bhoird. Aontaíodh go ndéanfadh an feidhmeannas nóta eolais ar an dea-chleachtas sa réimse seo a ullmhú don chéad chruinniú eile.

**D'fhág E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, M. Nic Giolla Mhichíl agus A. Nic Chárthaigh an cruinniú don mhír seo mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.** D'iarr A. Nic Chárthaigh go mbeadh sé nótáilte sna miontuairiscí gur ar chomhairle an Chathaoirligh a bhí sí ag imeacht.

Moladh figiúirí leasaithe don 6 eagras a leanas.

| Eagras | Bunmhaoiniú 2008 ar 20 Meitheamh 2008 |
|---|---|
| Glór na nGael | **€627,214** |
| Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge | **€826,081** |
| Conradh na Gaeilge agus | **€603,562** |

| | |
|---|---|
| Seachtain na Gaeilge | |
| Oireachtas na Gaeilge | **€548,407** |
| Raidió Failte | **€142,675** |
| Gael-Linn | **€873,066** |

Ghlac an Bord leis an mholadh.

**D'fhill E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, M. Nic Giolla Mhichíl agus A. Nic Chárthaigh**.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Gaelchultúr | 0801446 | €260,000 |

Moladh deontas nach mó ná €115,000 a cheadú do Ghaelchultúr don bhliain 2008.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| An Droichead | 0801378.11 | £3,500 |

Moladh deontas nach mó ná £2,900 (£1,160 i 2008 agus £1,740 i 2009) a cheadú do An Droichead le haghaidh 'Imeachtaí Óige'.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Gaelfhorbairt na Gaillimhe | 0801378.13 | €5,000 |

Moladh deontas nach mó ná €5,000 (€2,000 i 2008 agus €3,000 i 2009) a cheadú do Ghaelfhorbairt na Gaillimhe le haghaidh 'Clubanna Óige'.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| An Gaeláras Teo. | 0801378.12 | £2,400 |

Moladh deontas nach mó ná £2,400 (£1,370 i 2008 agus £1,030 i 2009) a cheadú don Ghaeláras do 'Tá seans agam'.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Ionad Uíbh Eachach | 0801378.16 | £3,500 |

Moladh deontas nach mó ná £3,500 a cheadú d'Ionad Uíbh Eachach (£1,400 i 2008 agus £2,100 i 2009) le haghaidh 'Mion Spraoi'.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Oideas Gael | 0801440 | €10,000 |

Moladh deontas nach mó ná €7,000 a cheadú d'Oideas Gael le haghaidh 'Scoláireachtaí Gaeilge d'Fhoghlaimeoirí Fásta' don bhliain 2008.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|

| | | |
|---|---|---|
| Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | 0801378.08 | £2,200 |

Moladh diultú don iarratas seo.

Moladh diúltú d'iarratas ó Iontaobhas na Gaelscolaíochta an chuid eile den deontas de £55,195 a ceadaíodh ar 23 Bealtaine 2007 a aistriú chuig tionscadal eile. Moladh fuilleach an deontais, £37,045, a dhíscríobh.

Moladh an próifíl leasaithe seo a leanas maidir le fuilleach an deontais don tionscadal 0600873:

| An cúigiú próifíl |
|---|
| 2008 - £9,660 |
| 2009 - £6,900 |

Ghlac an Bord leis na moltaí thuasluaite.

Moladh go gceadófaí deontas Ghaelcultúir ar an choinníoll go mbeadh aon áiseanna a d'fhorbrófaí mar thoradh ar dheontas an Fhorais ar fáil go poiblí.

Ghlac an Bord leis an mholadh.

Moladh €28,907 don bhliain 2008 agus €33,225 don bhliain 2009 a cheadú don "Scéim Óige".

Ghlac an Bord leis an mholadh.

## 03.66 CRUINNIÚ SPEISIALTA / ÉIGEANDÁLA A GHAIRM

Ghlac an Bord leis an mholadh a nótáladh ag an chruinniú ar 18 Aibreán 2008.

## 04.66 RÁITEAS CAITEACHAIS Ó 1 EANÁIR GO 31 BEALTAINE 2008

Scaipeadh Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Bealtaine 2008 maraon le buiséad athbhreithnithe go 31/12/2008.

Ghlac an Bord leis.

Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

Aontaíodh go n-ullmhófaí nóta eolais don chéad chruinniú eile maidir le féilire na bliana don Bhord.

## 05.66 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS FAOI BHUN €50,000 / £30,000

Ghabh an Bord buíochas leis an fheidhmeannas as an eolas a ullmhú. Tá nóta maidir leis na hiarratais le cur ar fáil ag gach cruinniú.

## 06.66 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH FHORAS NA GAEILGE

Thug an Bord suntas don nóta eolais.

**07.66 TUAIRISC AGUS MOLTAÍ ÓN CHOISTE INIÚCHTA**

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc don Bhord ar an chruinniú den 4 Meitheamh 2008.

Ghlac an Bord le Ráiteas Frithchalaoise Fhoras na Gaeilge agus an Clár Riosca athbhreithnithe a bhí molta ag an Choiste Iniúchta.

Luaigh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha go raibh figiúirí maidir le stoc An Gúm á phlé agus go raibh súil moladh a chur faoi bhráid an Choiste Iniúchta go luath.

**08.66 TUAIRISC AGUS MOLTAÍ ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ**
Thug Cathaoirleach an Choiste Nuachtán agus Irisí tuairisc don Bhord ar an chruinniú den 15 Bealtaine.

Moladh an deontas seo a leanas don iris Comhar ó Meán Fómhair 2008 go dtí Nollaig 2010.
€53,400 do 2008, €87,756 do 2009 agus €90,389 do 2010

**09.66 AN COISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA**
**D'fhág E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí agus A. Nic Chárthaigh an cruinniú don mhír seo mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.** D'iarr siad go mbeadh sé nótáilte sna miontuairiscí gur ar chomhairle an Chathaoirligh a bhí siad ag imeacht

Bhí plé ann faoin athbhreithniú ar na heagrais bhunmhaoinithe. Aontaíodh go bhfostófaí Mazars chun an obair seo a dhéanamh agus go ndéanfaí measúnú ar 6 eagras le linn 2008.

**D'fhill E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí agus A. Nic Chárthaigh.**

**10.66 CLÁR NA LEABHAR GAEILGE**

**D'fhág M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín agus S. Ó Cearnaigh an cruinniú don mhír seo mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Cuireadh na moltaí a leanas ón Choiste Comhairleach faoi bhráid an Bhoird:

| *Eagraíocht* | *Méid Iarrtha €* | *Méid molta €* |
|---|---|---|
| Gael Linn | *€24,300* | *€10,000* |
| IMRAM – an féile | *€15,000* | *€15,000* |
| An Comhdháil Meiriceánach do Léann na hÉireann | €1,500 | €1,500 |
| Iris Éirigh | €40,000 | 0 |

Ghlac an Bord leo

**D'fhill M. Nic Giolla Mhichíl, C. Nic Pháidín agus S. Ó Cearnaigh.**

**11.66 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Chuir an Príomhfheidhmeannach an Bord ar an eolas faoi:

- Chruinniú leis an Central Decentralisation Unit (CDU) ar an 21 Bealtaine.
- Gur iarr an CDU ar an Fhoras dul ar an Central Applications Facility.
- Chruinniú a bhí ag an Leas-Chathaoirleach, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus aige féin leis an Decentralisation Implementation Group.
- Chruinniú le Bord Póilíneachta Thuaisceart Éireann
- Chruinniú leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
- Chruinniú leis an BBC agus le RTÉ.
- Dhá chruinniú a bhí ag an Chathaoirleach agus aige féin leis an Aire.
- Sheoladh an Network for the Promotion of Linguistic Diversity (NPLD) ar a bhfuil Foras na Gaeilge agus an RGPTG mar ionadaithe don Ghaeilge – is é aidhm na heagraíochta ná an t-ilteangachas a chur chun cinn ach le béim ar na teangacha neamhfhorleathana.

## 12.66 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon chomhfhreagras le plé.

## 13.66 TUAIRISC OIBRE

Thug an Bord suntas don tuairisc oibre.

## 14.66 AON GHNÓ EILE

Thug L. Bhreatnach tuairisc ar an chéad chruinniú aici de chuid Chomhairle Lucht Éisteachta RTÉ. Aontaíodh gur cheart aighneacht maidir leis an Bhille Craolacháin a chur chuig an Aire cuí.

**Tuairisc ón Choiste Achomhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste Achomhairc cur síos ar iarratas ar achomharc ó Champa Chormaic faoi Scéim na gCampaí Samhraidh. Tuairiscíodh gur theip ar an iarratas ar Achomharc ar na cúiseanna seo: a) Nach ndearna Foras na Gaeilge mí-léamh ar an eolas a tugadh i rith an mheasúnaithe agus b) Nár imigh Foras Na Gaeilge, ar dhóigh shubstaintiúil ón bpróiséas measúnaithe féin.
Tuairiscíodh dá réir go gcuirfeadh an Coiste Achomhairc an toradh in iúl do na páirtithe cuí mar is gnách.

## 15.66 CÚRSAÍ FOCLÓIREACHTA

Rinneadh cur i láthair ar an Bhunachar Sonraí Foclóireachta agus An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge agus scaipeadh eolas ar an Bhord maidir le Buiséad an Fhoclóra.

Aontaíodh go gcuirfeadh an Príomhfheidhmeannach litir chuig an Aire agus na figiúirí a chur os a chomhair. Iarradh go gcuirfí eolas breise faoi bhuiséad agus faoi bhainistíocht an tionscadail agus faoi roghanna maidir le dul chun cinn agus foilsiú an fhoclóra ar fáil ag an chéad chruinniú eile.

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir leis an bhuiséad leasaithe de €964,000 don bhliain 2008 don Fhoclóir.

**Miontuairiscí an 67ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 19 Meán Fómhair 2008 san Óstán Europa, Béal Feirste.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leaschathaoirleach), C. Nic Pháidín, É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, M. Gallagher, S. Breathnach, P. Ó Biadha, L. Bhreatnach, M. Nic Giolla Mhichíl, D. Ó Béarra, Á. Andrews agus L. Kennedy.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, S. Ó Cearnaigh, N. Ní Ógáin, S. Uí Choinne, S. Ó Murchú, P. Ó Mianáin agus C. Convery (go dtí mír 08.67).

**Leithscéalta:** A. Nic Chárthaigh agus N. Henry

## 01.67 MIONTUAIRISCÍ DEN 20 MEITHEAMH 2008

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

### NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Bhí plé ann faoin Choiste Achomhairc agus aontaíodh go mbeadh critéir a dhéanfadh iarratas a dhícháiliú sainithe ar an fhoirm iarratais.

Rinneadh na miontuairiscí den 18 Aibreán 2008 a leasú tríd na habairtí seo a chur le Mír 09.65.

*Mhol an Coiste Polasaí agus Pleanála go mbeadh comhairleoir ainmnithe ag na heagrais le tabhairt faoin athbhreithniú i dteannta le comhairleoir an Fhorais.*

*Níor ghlac an Bord leis an moladh.*

## 02.67 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE COIMHLINT LEASA AGUS MAIDIR LE CLÁRÚ MOLTAÍ Ó CHOISTÍ SNA MIONTUAIRISCÍ

Aontaíodh go n-amharcfadh an Coiste Iniúchta ar an cheist ar fad maidir le coimhlint leasa agus moladh a réiteach do chruinniú na Nollag.

Glacadh leis an moladh thíos mar nós imeachta maidir le faomhadh miontuairiscí choistí Boird go leictreonach:

1. Cuirfear na miontuairiscí amach chuig comhaltaí taobh istigh de dhá sheachtain ó dháta an chruinnithe,
2. Beidh 4 lá ag comhaltaí an Choiste scéal a chur ar ais cé acu an bhfuil siad sásta leis na miontuairiscí nó nach bhfuil,
3. Ní mór do chomhaltaí scéal a chur ar ais bealach amháin nó bealach eile,
4. Sa chás go molann comhalta leasú ar na miontuairiscí cuirfear an leasú isteach le "rianaigh athruithe" agus cuirfear amach arís iad,
5. Má tá na comhaltaí ar fad sásta leis na miontuairiscí is féidir iad a chur amach leis na cáipéisí Boird,
6. Sa chás nach féidir teacht ar réiteach beidh na miontuairiscí le plé ag an chéad chruinniú sceidealta eile den choiste.

## 03.67 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Awen Cyf | 0801417 | £27,314 |

Moladh deontas nach mó ná £13,407 (£3,907 i 2008 agus £9,500 i 2009) a cheadú do Awen Cyf chun cuidiú leis na costais a bhaineann le leagan Gaeilge den áis "Hwyl Drwy'r Flwyddyn" a tháirgeadh.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| De Barra Publishing Ltd. | 0801420 | €60,913 |

Moladh diúltú don iarratas.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Hodder Murray Publishers | 0801421 | £76,454 |

Moladh diúltú don iarratas.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal faoi chúram Choláiste Phádraig, Droim Conrach | 0801422 | €70,000 |

Moladh deontas nach mó ná €70,000 (€17,500 i 2008 agus €52,500 i 2009) a cheadú do Choláiste Phádraig, Droim Conrach ar son na Meithle um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Preas Ultach | 0801426 | £61,136.56 |

Moladh deontas nach mó ná £30,478 (£16,290 i 2008 agus £14,188 i 2009) a cheadú do Phreas Ultach chun cuidiú leis na costais a bhaineann le Bain Triail As agus Ar Ais Arís a fhoilsiú.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Smart Learning Ltd. | 0801429 | €140,000 |

Moladh diúltú don iarratas.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Waddell Media Ltd. | 0801430 | £50,000 |

Moladh diúltú don iarratas.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad | 0801431 | €173,396.30 |

Moladh deontas nach mó ná €68,812 (€59,795 i 2008 agus €9,017 i 2009) a chur ar fáil d'Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

**0701306 - CNCM – MALL (Mobile Assisted Language Learning)**
Moladh an phróifíl leasaithe seo a leanas don tionscadal

| |
|---|
| 2007 – €17,500 |
| 2008 – €50,000 |
| 2009 – €27,000 |

Cuireadh in iúl go bhfuil ainm an tionscadail athraithe go FÓN – Foghlaim ón Nuatheicneolaíocht.

**0701168 – CNCM – Oifigeach Gaeilge**
Moladh an phróifíl leasaithe seo a leanas don tionscadal

| |
|---|
| 2008 – €20,000 |
| 2009 – €15,000 |

**0701307 Coláiste na Tríonóide – Cabógaí II**
Moladh an phróifíl leasaithe seo a leanas don tionscadal

| |
|---|
| 2008 - €78,416 |
| 2009 - €127,675 |
| 2010 - €132,103 |

Ghlac an Bord leis na moltaí thuasluaite.

Nótáladh cáipéis maidir le hiarratais iomlán Scéim na nÁiseanna Teagaisc agus an Scéim Óige.

## 04.67 CEAPADH COMHAIRLEORA CAIDRIMH PHOIBLÍ

Glacadh leis an moladh conradh bliana a thairiscint do FD (Financial Dynamics) le seirbhís caidrimh poiblí a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge le héifeacht ó 01 Deireadh Fómhair 2008.
Aontaíodh go bpléifí plean cumarsáide 2009 ag cruinniú na Nollag.

## 05.67 PLEAN GNÓ 2009

Tugadh suntas don nóta eolais faoi na míreanna nach féidir riar orthu mar gheall ar easpa airgid i 2008.
Aontaíodh Plean Gnó 2009 bunaithe ar na figiúirí táscacha (€21,961,000) a chur chuig na Ranna urraíochta.

## 06.67 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 LÚNASA 2008 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO DTÍ 31 NOLLAIG 2008

Scaipeadh Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Lúnasa 2008 maraon le buiséad athbhreithnithe go 31/12/2008.

Ghlac an Bord leis.

Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

Glacadh le moladh an caiteachas seo a cheadú do GLEO:

| | 2009 |
|---|---|
| **GLEO 2007/2008** | |
| Ciste na ngradam | €31,500 |

| | |
|---|---|
| aitheantais | |
| **GLEO 2008/2009** | |
| Ciste na ngradam aitheantais (18 x €3,000) | €54,000 |
| Moltóirí (Táille, taisteal agus cothabháil) | €28,000 |
| Fógraíocht is poiblíocht | €12,000 |
| **Iomlán** | €125,500 |

**07.67 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS**
Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

**08.67 CÚRSAÍ FOCLÓIREACHTA**
Aontaíodh go mbunófaí fochoiste comhairleach ar a mbeadh L. Ó Maolmhichíl, Cathaoirleach, C. Nic Pháidín, M. Mac Ruairí agus L. Mac Mathúna agus go dtiocfadh siad ar ais le moltaí/bealaí chun cinn maidir leis an Fhoclóir Nua Béarla Gaeilge do chruinniú na Nollag.
Thug an Bord cead don choiste ball nó beirt eile a ainmniú ar an choiste dá dteastódh comhairle breise uathu.

**09.67 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA**
Scaipeadh cóipeanna de mhiontuairiscí ó chruinnithe den Choiste Iniúchta 2008. Nótáil an cruinniú Tuairisc an Iniúchóra Inmheánaigh ar Chóras Rialúcháin Inmheánaigh 2007 a bhí faofa ag an choiste.

**10.67 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁIN AGUS IRISÍ**
Aontaíodh go síneofaí conarthaí na nuachtán reatha, Foinse agus Lá Nua, go dtí deireadh mhí an Mhárta 2009.
Glacadh leis an pholasaí seo a leanas maidir le maoiniú nuachtán:

> *Cuirfidh Foras na Gaeilge deontas i gcabhair de shuim nach mó ná €400,000 in aghaidh na bliana don tréimhse 1 Aibreán 2009 go 31 Márta 2013 ar fáil le nuachtán seachtainiúil Gaeilge uile-oileánda a fhoilsiú. Is gá leagan clóbhuailte den nuachtán a sholáthar go seachtainiúil chun críche an deontais agus is gá seirbhís leictreonach a chur ar fáil chomh maith.*
> *Ní chuirfidh Foras na Gaeilge aon deontas ar fáil le haghaidh nuachtán laethúil Gaeilge ó 1 Aibreán 2009.*

**11.67 TUAIRISC ÓN CHOISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA**
Bhí miontuairiscí ón chruinniú den Choiste Polasaí agus Pleanála 21 Iúil faoi bhráid an Bhoird. Ghlac an Bord leis na rúin. (Aguisín 1).

Rinneadh plé ar an Dréachtpholasaí Tumoideachais agus glacadh leis d'aonghuth. (Aguisín 2) Eagrófar próiseas comhairliúcháin phoiblí faoin Dréachtpholasaí ar ball.

**D'fhág C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**
Rinneadh plé ar an dréachtcháipéis maidir leis an Phlean 2028 a bhí scríofa ag an fheidhmeannas ina raibh cur síos ar na príomhbheartais ar chóir tabhairt fúthu sna fiche bliain romhainn. Aontaíodh go dtiocfadh an Coiste Polasaí agus Pleanála le chéile chun leagan deiridh de na príomhbheartais a aontú agus a sheoladh

chuig an Ghrúpa Comhairle atá ag cur comhairle ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta maidir le ceapadh Plean Straitéisigh don Ghaeilge..

**D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.**

## 12.67 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

D'fhág É. Ó hArgáin, M. Ó Riordáin agus S. Ó Cearnaigh an cruinniú don mhír seo mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Chuir an Príomhfheidhmeannach an Bord ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

- Go raibh cruinniú leis an CATT ar 4 Iúil i Léim an Mhadaidh áit ar faomhadh Plean Gnó agus buiséid (€20,707,000) 2008 agus Plean Corparáideach 2008 – 10.
- Go raibh Colmcille le haistriú chuig an Fhoras ach an próiseas leachtaithe a bheith curtha i gcrích.
- Go bhfuil cainteanna ar siúl le Bord na Gaidhlic maidir le Coiste Comhairleach a bhunú do Cholmcille.
- Gur ceadaíodh 5 phost do Gaoth Dobhair agus 2 phost do Bhéal Feirste agus go raibh cruinniú aige le SIPTU atá ag cur in aghaidh líonadh na bpost. Chuir sé in iúl go raibh SIPTU chun dul chuig an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais faoin cheist. Dúirt sé gur shíl sé go bhféadfadh an dá phost ag leibhéal Stiúrthóra agus Bainisteora agus an dá phost i mBéal Feirste a fhógairt.
- Go raibh cruinniú den Grúpa Oibre (feidhmeannas an Fhoras Teanga agus na Ranna Urraíochta) ar 18 Lúnasa ag ar cuireadh in iúl go raibh an t-Aire Ó Cuív, TD, ag dúil le laghdú ar líon/mhaoiniú na n-eagras bunmhaoinithe. Iarradh chomh maith go mbeadh an t-Athbhreithniú ar an Chaighdeán Oifigiúil luaite go sonrach i bplean gnó 2009.
- Gurb iad seo a leanas na heagrais atá roghnaithe ag an chomhairleoir don athbhreithniú:
    - Forbairt Naíonraí Teo
    - Gael Linn
    - Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
    - Glór na nGael
    - An t-Áisaonad
    - Gaelscoileanna Teo
    - Altram
    - Comhluadar
    - Comhar na Múinteoirí Gaeilge
    - Comhaltas Uladh agus An t-Ultach
- Gur síníodh an conradh seirbhíse an mháistir gréasáin go ceann bliana eile go dtí 10 Meán Fómhair 2009.
- Gur iarr an CNCM ar an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais gníomhú mar Chathaoirleach ar an Choiste Teanga ag an CNCM.

## 13.67 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE FÉILIRE NA BLIANA

Aontaíodh go gcuirfeadh na comhaltaí a roghanna dátaí le haghaidh cruinnithe Boird 2009 chuig an Phríomhfheidhmeannach.

## 14.67 CLÁR NA LEABHAR GAEILGE

Cuireadh na moltaí a leanas ón Choiste Comhairleach faoi bhráid an Bhoird:

| ***Eagraíocht*** | ***Méid Iarrtha €*** | ***Méid molta €*** |
|---|---|---|
| Cló Mhaigh Eo | €4,479.00 | €4,479.00 |

| | | |
|---|---|---|
| Comhar na Múinteoirí | €10,000 | *€10,000* |
| Scríobh Leabhar 2008/2009 | €50,000 | €50,000 |

Ghlac an Bord leo.

**15.67 COMHFHREAGRAS**
Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**16.67 TUAIRISC OIBRE**
Thug an Bord suntas don tuairisc oibre.

**17.67 AON GHNÓ EILE**
Tugadh cur síos ar an chruinniú a bhí ag Comhairle Lucht Féachana RTÉ & BBC le chéile. Moladh cruinniú a lorg le Comhairle Lucht Féachana an BBC.

______________________

**Liam Ó Maolmhichíl**
Cathaoirleach
14 Samhain 2008

**Aguisín 1.**

## Rúin ón Chruinniú den Choiste Polasaí agus Pleanála ar 21 Iúil 2008

**Rún 1**
Go mbeadh rún, moltaí agus leasuithe ar na miontuairiscí Bhoird mar chuid den phacáiste a fhaigheann comhaltaí Bhoird ionas nach mbíonn rúin, moltaí nó leasuithe ar na miontuairisci a scaipeadh ar chomhaltaí ar lá an chruinnithe Boird.

**Rún 2**
Go gceapfaidh an Bord comhalta amháin eile ar a laghad ar an gCoiste seo agus ar aon choiste eile go bhfuil eapa comhaltaí ar.

**Rún 3**
Sa pholasaí cumarsáide atá á fhorbairt faoi láthair moltar an dea-chleachtas tuairisceoireachta atá léirithe agus cleachtaithe ag ionadaithe/comhaltaí Boird agus feidhmeannas an Fhorais atá ag feidhmiú ar choistí Boird nó ag cruinnithe seachtracha, stáit, ranna &rl a chuimsiú ann mar seo a leanas:

1. Minicíocht - go ndéanfar tuairisciú ag gach cruinniú Boird, gach ráithe nó i ndiaidh an chruinnithe le miontuairiscí, aiseolas, rúin nó moltaí (de réir mar is cuí) le cur ar aghaidh go dtí an chéad chruinniú eile den bhord via rúnaí an Fhorais nó an Coiste cuí.
2. Modh tuairisceoireachta - moltar i scríbhinn i gcónaí más féidir le mórthéamaí / cinntí / gníomhanna an chruinnithe luaite go beacht (má tá eolas rúnda nó comhthéacs-íogair ann iarrfar an t-eolas a roinnt ar an gCathaoirleach agus ar an bPríomhfheidhmeannach, le roinnt ar chomhaltaí Boird/an bhFeidhmeannas)
3. Moltaí - go ndéanfar moltaí a chur faoi bhráid an Bhoird go rialta agus go mbeadh deis ag an bhfeidhmeannas agus ag an mBord aiseolas a lorg nó a thabhairt ar aon mholadh
4. Comhdhéanamh ar thuairisc oibre ón bhfeidhmeannas ag cruinnithe rialta an Bhoird a fhorbairt le himpleachtaí straitéise agus maoinithe a chuimisú ann le heolas a roinnt agus moltaí ón Bhord a lorg .i. Go ndéanfaidh tuairisc oibre an fheidhmeannais an moladh ón gcruinniú boird ar an 20 Meitheamh maidir le tionscadail/scéimeanna/gníomhachtaí nach féidir a riar a chur faoi bhráid cruinnithe Boird as seo amach. Bheadh an tuairisc seo forbartha ag an gClárbhainisteoir/Stiúrthóir ón rannóg cuí agus aontaithe leis an bPríomhfheidhmeannach roimh ré.

Aguisín 2.

# TUMOIDEACHAS IN ÉIRINN

## Comhpholasaí an Ghrúpa Stiúrtha ar Pholasaí Tumoideachais (GSPT)

Doiciméad polasaí é seo a réitíodh mar thoradh ar idirphlé i measc na n-eagraíochtaí éagsúla atá sa GSPT, idir Dheisceart agus Thuaisceart Éireann. Tá sé bunaithe ar obair an GSPT agus ar mholtaí a tháinig chun tosaigh ag seimineár a d'eagraigh an Grúpa san Óstán Clarion, Gleann na Life, Dé Luain, 28 Aibreán 2008.

Glacann an heagraíochtaí seo a leanas páirt sa GSPT:

- Foras na Gaeilge
- Altram
- An tÁisaonad
- Forbairt Naíonraí Teoranta
- Gaelscoileanna Teoranta
- Comhairle na Gaelscolaíochta
- Comhar na Múinteoirí Gaeilge
- An Foras Patrúnachta
- Roinn Oideachais (Tuaisceart Éireann)
- Boird Oideachais agus Leabharlainne

Ráiteas misin

Sároideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, le córas céimiúil maidir le sealbhú na Gaeilge, bunaithe ar réamhoiliúint den scoth maidir le sealbhú teangacha, agus córas ceart tacaíochta.

Is éard is tumoideachas ann ná oideachas, i bpáirt nó ina iomláine, trí mheán na sprioctheanga. Ar mhaithe leis an bpolasaí seo, is éard is sprioctheanga ann ná an Ghaeilge.

### 1. Aidhmeanna agus torthaí

#### a. Bunaidhmeanna

i. Tá sé mar bhunaidhm ag an tumoideachas Gaeilge ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil d'aos óg na hÉireann ón réamhscolaíocht go dtí an tríú leibhéal. Is ionann sa mhéid sin aidhmeanna an tumoideachais agus aidhmeanna an oideachais i gcoitinne maidir le sóisialú, seachadadh cultúir agus an curaclam a mhúineadh. Féachann an tumoideachas chuige go sroichfidh gach páiste an leibhéal is airde is féidir i bhforbairt teangeolaíoch, chognaíoch,

mhothúchánach agus shóisialta agus i sealbhú na Gaeilge. (féach Baker, C. agus Prys Jones, S.,1998; Cummins, J., 1999)

b. **Aidhmeanna Eile**

i. Aithnítear sa tumoideachas Gaeilge ról lárnach na Gaeilge i gcultúr agus i bhféiniúlacht phobail uile an oileáin seo agus saibhríonn sé an páiste dá réir.
ii. Baineann an tumoideachas Gaeilge leas iomlán as cumas an fhoghlaimeora teangacha a shealbhú – tréith ar leith a bhíonn ag páistí ón gcliabhán ar aghaidh, go seacht mbliana d'aois ach go háirithe.
iii. Tacaíonn an tumoideachas Gaeilge le dátheangeachas suimíoch agus le délitearthacht. (Bamford,K. Agus Mizokawa, D. 1991).
iv. Tacaíonn sé go suntasach le sprioc teanga an Aontais Eorpaigh a bhaint amach - dhá theanga a bheith ag gach saoránach Eorpach de bhreis ar a mháthair-theanga.
v. Tacaíonn sé le forbairt úsáid na Gaeilge in Éirinn.
vi. Méadú i líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge go rialta ina saol.
vii. Tacú a chur ar fáil d'fhorbairt pobal Gaeilge.

c. **Torthaí ar féidir bheith ag súil leo**

i. Ard-chumas gníomhach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon. (Harley, B.,1984; Henry, A. et al, 2002; Horgan, S. E. ,1995)
ii. Forbairt teangeolaíoch an fhoghlaimeora a chur chun cinn ar chaoi a chuirfeadh lena fheasacht meititheangeolaíoch.
iii. Tuiscint ar shaoithiúlacht na Gaeilge agus ar a háit lárnach i saol cultúrtha na hÉireann a thabhairt don fhoghlaimeoir; agus
iv. Brath a bheith ag an bhfoghlaimeoir ar shaol níos leithne, ar theangacha agus ar chultúir eile agus oscailt aigne ar an saol i gcoitinne. (Johnson, K. and Swain, M. ,1997)

d. **Deiseana atá ann don Tumoideachas Gaeilge**

i. An bá don ghaelscolaíocht i measc an phobail i gcoitinne – ba cheart seo a chothú agus tuiscint agus feasacht níos airde ar fhís an Tumoideachais Gaeilge a fhorbairt dá réir;
ii. Fís oideachasúil uile-Éireann a fhorbairt – fís a bheidh fréamhaithe sa dúchas ach a bheidh oscailte agus uileghabhálach ag an am céanna. Is féidir go gcuirfí seo chun cinn tríd na struchtúir agus an comhoibriú thuaidh-theas atá ag bailiú nirt le bliain anuas.
iii. An fhorbairt agus an borradh atá tagtha ar líonra na ngaelscoileanna, thuaidh agus theas, - cuirfidh sé seo dlús le deiseanna úsáide sa Ghaeilge don aos óg.
iv. Gach gné den oideachas atá ar fáil trí mheán an Bhéarla, idir churaclam agus eispéaras foghlama an fhoghlaimeora, móide sealbhú na sprioctheanga.

v. An luath-thumoideachas iomlán a bheith aitheanta ag an dá Roinn Oideachais.

**e. An Tumoideachas Gaeilge agus an Teaghlach**

i. Aithnítear an ról ar leith atá ag an tumoideachas teanga shóisialta an fhoghlaimeora a fhorbairt sa tslí is gur féidir leis/léi an Ghaeilge a úsáid gan stró ina ghnáthshaol teaghlaigh agus lasmuigh de.

ii. Aithnítear ról lárnach an teaghlaigh i seachadadh nádúrtha theanga ar bith ó ghlúin go glúin. Moltar don ghaelscoil feidhmiú mar is gnách i ndlúthchomhar le tuismitheoirí/caomhnóirí na bpáistí. Dlúthchuid den phobal scoile iad na páistí, a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí, na múinteoirí agus lucht bainistíochta agus tacaíochta na scoile. (féach Baker, 1995; Harding, E. and Riley, P. ,1986)

iii. Tá sé inmholta go dtosófaí chomh hóg agus ab fhéidir agus an teaghlach a bheith rannpháirteach sa phróiseas.

iv. Moltar sainréim shóisialta na Gaeilge a bheith iata isteach i gcuraclam na n-iarbhunscoileanna ach go háirithe.

v. Moltar don ghaelscoil gach deis a thapú chun go bhféadfadh na páistí an Ghaeilge a úsáid taobh amuigh den scoil. Tá ról lárnach ar leith ag Comhluadar, ag ógeagraíochtaí Gaeilge agus ag coláistí samhraidh Gaeltachta, i gcomhpháirt leis na heagrais eile, anseo.

**2. Múnlaí Tumoideachais**

**a. Múnlaí**

**Is éard is múnla ann ná an chreat peideolaíoch as a roghnaítear modhanna cuí múinteoireachta ó am go ham le clár comhaontaithe oideachais a chur i bhfeidhm. Áirítear anseo spriocanna an oideachais seo, na luachanna faoina roghnaítear na spriocanna seo, agus an cur chuige a roghnaítear dá réir.**

i. Luath-thumoideachas iomlán an cur chuige is fearr go háirithe maidir le sealbhú na sprioctheanga.

ii. Tá ról ar leith ag na naíonraí sa luath-thumoideachas iomlán agus, dá réir, ba chóir gach tacaíocht a chur ar fáil le cinntiú go mbeidh ardchaighdeán tumoideachais ar fáil iontu. (An Comhchoiste Réamhscolaíochta, 1985; Andrews, 2006; Goncz, L. agus Kodzopeljic, J. (1991)).

iii. Aithnítear gur tumoideachas déanach a chaithfidh a bheith ann i gcás foghlaimeoirí áirithe nár éirigh leo tosú sa chóras tumoidechais go han-óg. Ba chóir tacaíocht chuí, dianchúrsaí Gaeilge san áireamh, a sholáthar dá leithéidí i dtreo is gur féidir leo tairseach chumais a bhaint amach go gasta agus lán-tairbhe a bhaint as an tumoideachas as sin suas. (Carleton Board of Education, 1996)

**b. Tacaíocht do na Múnlaí éagsúla**

i. I gcásanna nach bhfuil an luath-thumoideachas iomlán á chleachtadh, moltar déileáil leis na cásanna sin le cur chuige samhlaíoch, comhtháite e.g. múinteoirí a roinnt idir scoileanna (chun matamaitic ardleibhéil a mhúineadh, mar shampla); postanna le

freagracht as an nGaeilge, nó as comhordú a dhéanamh ar theagasc trí Ghaeilge, a aithint; cúrsaí idirlíne a chur ar fáil d'ábhair áirithe; scéimeanna meantóireachta.

ii. Moltar go gcuirfí gach tacaíocht ar fáil le forbairt a dhéanamh ar mhúnlaí eile tumoideachais m.sh. páirt-tumoideachas, meántumoideachas agus tumadh déanach i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán (Cf taighde Harris et al).

iii. Moltar go ndéanfaí treoirlínte ar chleachtas luath-thumoideachais iomláin a fhorbairt mar áis phraiticiúil do chleachtóirí.

**c. Deiseanna arbh fhéidir a thapú idir an tumoideachas agus múineadh na Gaeilge**

i. Scileanna agus straitéisí foghlamtha agus modheolaíochta a roinnt ar a chéile ar bhealach níos eagraithe ná anois. (Mac Corraidh, 2008)

ii. Cúrsaí ar leith a eagrú chun cumas Gaeilge cleachtóirí tumoideachais a ardú.

iii. Modheolaíocht CLIL a fhorbairt i múineadh na Gaeilge.

d. **An Leanúnachas ó Leibhéal go Leibhéal a chinntiú**

i. Ba chóir go mbeadh leanúnachas ceart ann, idir sholáthar oideachais agus eispéaras foghlama, ón réamhscolaíocht go dtí an bhunscolaíocht agus ón mbunscolaíocht go dtí an iarbhunscolaíocht. (Hickey, T.,1997)

ii. Tá gá le leanúnachas ón mbaile trí na leibhéil éagsúla scolaíochta i dtreo is go mbeidh an tumoideachas Gaeilge comhtháite ó thús go deireadh.

3. **Deachleachtas i dtaobh an tumoideachais**

Luath-thumoideachas iomlán an cur chuige is fearr go háirithe maidir le sealbhú na sprioctheanga.

a. **Teanga Shóisialta agus Teanga Acadúil an fhoghlaimeora**

i. Tagann foghlaimeoirí isteach ar theanga shóisialta go nádúrtha, go céimiúil agus go forásach. Tá ról lárnach ag an tumoideachas i bhforbairt theanga shóisialta an fhoghlaimeora cé go bhfuil ról an-tábhachtach ag an teaghlach.

ii. Tá forbairt phearsanta mar chuid lárnach den tumoideachas agus chuige sin tá gá ann na feidhmeanna teanga a fhreagraíonn di a mhúineadh.

**b. Dúshláin agus Deiseanna taobh amuigh den seomra ranga/naíonra**

i. Moltar go dtabharfaidh na hÚdaráis Sláinte agus Oideachais an t-aitheantas cuí do riachtanais an tumoideachais, pobal na scoile san áireamh. Áirítear anseo seachadadh seirbhísí (m.sh. síceolaíocht,

cláracha teiripe urlabhra is teanga) agus forbairt polasaithe. (Downs-Reid, D. ,1997)

ii. Na buanna agus na buntáistí a bhaineann le luath-thumoideachas a chur os comhair an phobail ar bhealach réadúil, eolaíoch, dearfach;

iii. Moltar modúl a bheith ar fáil san idirbhliain chun scileanna a bhaineann le reáchtáil cluichí trí Ghaeilge a fhorbairt, agus d'fhéadfaí deiseanna den chineál seo a thapú sa chóras oideachais ó thuaidh chomh maith. Bheadh mic léinn sinsearacha le scileanna dá sórt ina n-acmhainn luachmhar ag an scoil agus b'fhéidir leo iad a úsáid ina dhiaidh sin i gcoláistí samhraidh.

iv. Ní mór deiseanna fóillíochta agus súgartha trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga a fhaigheann a gcuid oideachais trí Ghaeilge.
   1. Is den riachtanas é go mbeadh an soláthar óige trí Ghaeilge ar ardchaighdeán. Chuige sin, ba cheart go mbeadh spreagadh ann do dhaoine óga cáilíocht óige a bhaint amach ag leibhéal céime.
   2. Ba cheart go mbeadh an bhéim ar úsáid na teanga i measc na hóige sna himeachtaí seo. Ar na himeachtaí atá ag teastáil tá:
      a. Na healaíona cruthaitheacha;
      b. Clubanna iarscoile;
      c. Campaí samhraidh;
      d. Nascanna a chothú idir scoileanna Gaeltachta agus gaelscoileanna lasmuigh di;
      e. Cúrsaí oiliúna spóirt i gcomhar leis na Cumainn agus Údaráis éagsúla spóirt.

c. **Tábhacht na foirne**

i. I gcás gaelscoile táthar ag brath go hiomlán nach mór ar ardchaighdeán Gaeilge a bheith ag an bhfoireann ina iomláine. (Harley, B. and Swain, M.,1984)

ii. Ba chóir go mbeadh deis ag foireann teagaisc na scoile tréimhsí a chaitheamh sa Ghaeltacht go rialta ina saol gairmiúil, tréimhsí teagaisc san áireamh.

iii. Ba chóir go mbeadh cúrsaí oiliúna sa Ghaeilge ar fáil d'fhoirne riaracháin na ngaelscoileanna m.sh. do rúnaithe scoile. Knipe, D., et al. (2004)

d. **Straitéisí eile Foghlamtha**

i. Féin-cheartú a chothú is a spreagadh.

ii. Foghlaim chomhfhiosach a scrúdú is a thástáil.

iii. Béim an-mhór ar labhairt chruinn na teanga. (Clipperton, R.,1994; Curtain, H. 1997; Hammerly, H. 1991)

iv. Teagmháil le cainteoirí dúchais e.g. bailiú scéalta agus seanchais sa Ghaeltacht.

## 4. An Bealach Romhainn

a. Ráiteas misin: Sároideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, le córas céimiúil maidir le sealbhú na Gaeilge, bunaithe ar

réamhoiliúint den scoth maidir le sealbhú teangacha, agus córas ceart tacaíochta.

b. Tá gá le comhrá leanúnach idir an Stát agus lucht an tumoideachais Ghaeilge faoi riachtanais agus faoi spriocanna an tumoideachais. Pléitear na múnlaí tumoideachais, cóiríocht, oiliúint mhúinteoirí, acraí teagaisc srl. agus pleanáiltear dá réir.

c. Ba chóir do na Ranna Oideachais an soláthar gaelscolaíochta a chur san áireamh ó thús na réamhphleanála soláthair. Tá sé de cheart ag tuismitheoirí teacht éasca a bheith acu ar an ngaelscolaíocht.

d. Moltar go mbunófaí rannóg ar leith laistigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta a bheadh ag plé leis an ngaelscolaíocht.

e. Ba chóir scagadh a dhéanamh ar chláir oideachais an Aontais Eorpaigh (e.g. Comenius) féachaint arbh fhéidir leas a bhaint astu chun sainscileanna agus taithí sa tumoideachas a roinnt le pobail eile a labhraíonn teangacha neamhfhorleathana.

f. Moltar cúram ar leith a dhéanamh de scoileanna na Gaeltachta agus dá sainriachtanais.

g. Moltar go n-aithneodh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an tumoideachas mar choincheap agus an córas gaelscolaíochta mar chóras atá ag cleachtadh an tumoideachais.

h. Cur chuige Trasteorann
   i. Scéim mhalartaithe múinteoirí a cheapadh.
   ii. Acmhainní agus saineolas a roinnt is a mhalartú idir oideachasóirí ag gach leibhéal agus i ngach eagraíocht .i. Na Ranna Oideachais, CNCM, CCEA, UOS (ESA), múinteoirí srl., go háirithe sna réimsí TFC (Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide) agus riachtanais speisialta.
   iii. Suíomh nó leathanaigh ghréasáin a fhorbairt, mar áis mhalairte eolais agus taithí, don tumoideachas Gaeilge. Is féidir go mbeadh treoir ar áiseanna don tumoideachas ann chomh maith.
   iv. Soláthar acmhainní, ag aithint na riachtanas ar leith ag gach leibhéal.
   v. Moltar go ndéanfadh na Ranna Oideachais na féidirtheachtaí a bhainfeadh le forbairt bhreise ar an soláthar don Ghaelscolaíocht ar bhonn uile-oileánda a fhiosrú m.sh. oiliúint, taighde srl.
   vi. Eolas agus taithí a roinnt le pobail teanga eile – go háirithe Gaeil na hAlban agus na Breatnaigh. D'fhéadfaí é seo a chur chun cinn trí Chomhairle na Breataine is na hÉireann (British-Irish Council).

i. Fiúntas na Gaelscolaíochta a chur os comhair an Phobail
   i. Gné lárnach d'fhiúntas na Gaelscolaíochta a chur os comhair an phobail is ea go dtuigfeadh an pobal an chaoi a bhfuil gach gné den oideachas atá ar fáil trí mheán an Bhéarla, idir churaclam agus eispéaras foghlama an fhoghlaimeora, móide sealbhú na sprioctheanga ar fáil tríd an gcóras sin.
   ii. Cuirimis an ghaelscolaíocht os comhair an phobail mar chineál oideachais atá todhchaíoch, uathúil ach an-Eorpach ag an am céanna. (Cummins, J.,1977; Genesee, F. 1976)

iii. Tá gá le hábhar breise eolais is bolscaireachta faoin tumoideachas.
iv. Ceannródaithe a aithint agus lánúsáid a bhaint as a gcuid tallann le buntáistí an tumoideachais a chur os comhair an phobail m.sh. tuismitheoirí, daltaí, daoine cáiliúla.

j. Riachtanais Oiliúna
   i. Is gá na riachtanais a aithint agus dul i mbun pleanála chun freastal orthu. Tá ról lárnach ag na húdaráis oideachais thuaidh is theas san obair seo.
   ii. Ba cheart cáilíocht aitheanta uile-oileánda a bheith ann do Stiúrthóirí Naíonraí.
   iii. Ba cheart oiliúint ar leith, agus aitheantas dá réir, a sholáthar ag gach leibhéal, fochéim, iarchéim agus inseirbhís d'ábhair mhúinteoirí a bheidh ag múineadh i ngaelscoileanna. (Bernhardt, E. and Schrier, L. ,1992)
   iv. Is gá Ionad Acmhainní ags Tacaíochta Baile Bhuirne a bhunú agus a oscailt gan mhoill.
   v. Is gá gach tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí i ngaelscoileanna le cabhrú leo a gcaighdeán Gaeilge a chothú agus a fheabhsú go leanúnach.
   vi. Sainchúrsaí réamhoiliúna agus inseirbhíse do mhúinteoirí na ngaelscoileanna a eagrú. Tá ról ar leith ag na coláistí oideachais agus na Ranna Oideachais, thuaidh agus theas, sa cheist seo.
   vii. Malartú sealadach múinteoirí idir gaelscoileanna a eagrú chun cur le raon taithí múinteoirí.

k. Taighde
   i. Aithnítear go bhfuil géarghá le taighde de chineálacha éagsúla. Is gá go leanfadh an taighde seo cur chuige eolaíoch – foirmliú hiptéisí nó ceisteanna, dearadh an taighde a roghnú, bailiú, earcú agus anailísiú sonraí, maille le léirmhíniú cainníochtúil agus cáilíochtúil na dtorthaí. (Harley, B., 1998).
   ii. Moltar leas cuí a bhaint as taighde feidhmeach i réimse an tumoideachais.
   iii. Ní mór taighde ceart, eolaíoch a dhéanamh ar na múnlaí éagsúla tumoideachais agus ar na modheolaíochtaí difriúla.
   iv. Ní mór freisin a chinntiú go gcoimeádtar sruth eolais suas-chun-dáta le múinteoirí faoi fhorbairtí i dtumoideachas i dtíortha eile e.g. Ceanada, an Bhreatain Bheag, na poblachtaí Baltacha, an Chatalóin, Tír na mBascach.
   v. Moltar leis go ndéanfadh na páirtithe leasmhara sin clár taighde uile-oileánda a chur le chéile ar an tumoideachas agus obair a choimisiúnú dá réir.
   vi. Maidir le bearnaí taighde, moltar go dtiocfadh na páirtithe leasmhara ar fad le chéile le hobair a choimisiúnú ar an ábhar seo mar ábhar práinne:
      1. Dearcadh tuismitheoirí agus páistí i dtaobh na Gaelscolaíochta

2. Moltar iniúchadh a dhéanamh ar mhúnlaí sa Bhreatain Bheag, sa Nua-Shéalainn agus i dtíortha eile, féachaint cad iad na buntáistí agus na laigí a bhaineann leo. (Laing, D. ,1988)

Moltar go bhfanfaidh an GSPT le chéile go ceann dhá bhliain le cur i bhfeidhm an pholasaí seo a bhrú chun cinn. Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí ag deireadh na tréimhse sin.

GSPT

An Comhchoiste Réamhscolaíochta (1985) *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Náíonraí*, Baile Átha Claith, An Comhchoiste Réamhscolaíochta.

Andrews, A.M. (2006) *Two Windows on the World, Language Immersion Education: A Training Manuel for Early Years*, Belfast: Altram.

Baker, C. (1995) *A Parents' and Teachers' Guide to Bilingualism*, Clevedon: Multilingual Matters

Baker, C. and Prys Jones, S. (1998) *Encyclopedia of Bilingualism*, Clevedon: Multilingual Matters.

Bamford, K and Mizokawa, D. (1991) Additive-bilingual (immersion) education: cognitive and language development, *Language Learning*, 41, 3, pp 413-29.

Bernhardt, E. and Schrier, L. (1992) The Development of Immersion Teachers, in Bernhardt, E. (Ed) *Life in Language Immersion Classrooms*, Clevedon: Multilingual Matters, pp113-131.

Carleton Board of Education (1996) *Comparative Outcomes and Impacts of Early, Middle and Late Entry French Immersion Options: Review of Recent Research and Annotated Bibliography*, Ottawa: Carleton Board of Education.

Clipperton, R. (1994) Explicit vocabulary instruction in French immersion, *The Canadian Modern Language Review,* 50, pp 737-749.

Cummins, J. (1977) Immersion Education in Ireland: a critical view of Macnamara's findings, *Working Papers on Bilingualism,* 9, pp 1-43.

Cummins, J. (1978) Metalinguistic development of children in bilingual education programs: data from Irish and Canadian Ukrainian-English programs, in Paradis, M. (Ed) *Aspects of Bilingualism,* Hornbeam: Columbia.

Cummins, J. (1999) *Immersion Education for the Millenium: What we have learned from 30 years of research on second language immersion*: Toronto, OISE, @ http://www.iteachilearn.com/cummins/immersion2000.html (last accessed 10.06.08)

Curtain, H. (1997) Effective Teaching Strategies for Immersion Teachers, *The ACIE Newsletter,* 1, 1, November, @ http://carla.acad.umn.edu/acie/news.html (last accessed 10.01.08)

Day, E.M. and Shapson, S.M. (1996) *Studies in Immersion Education,* Clevedon: Multilingual Matters.

Diaz, R. (1983) Thought and two languages: the impact of bilingualism on cognitive development, *Review of Research in Education,* 10, pp 23-54.

Downs-Reid, D. (1997) A Dozen Activities for Promoting the Use of Spanish outside of School, *The ACIE Newsletter,*1, 1, November, 2001, @ http://carla.acad.umn.edu/acie/news.parents.html (Last accessed by this author 6.02.03).

Genesee, F. (1976) The suitability of immersion programmes for all children, *The Canadian Modern Language Review*, 32, 5, pp 494-515.

Goncz, L. and Kodzopeljic, J. (1991) Exposure to two languages in the pre-school period, *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 12, 3, pp 137-163.

Hammerly, H. (1991) *Fluency and Accuracy*, Clevedon: Multilingual Matters.

Harding, E. and Riley, P. (1986) *The Bilingual Family: A Handbook for Parents,* Cambridge: Cambridge University Press.

Harley, B. (1984) How good is their French? *Language and Society*, 10, pp 55-60.

Harley, B. (1998) French immersion research in Canada: the 1990s in perspective, *Mosaic*, 6, 1, pp 3-10.

Harley, B. and Swain, M. (1984) The interlanguage of immersion students and its implications for second language teaching, in Davies, A., Criper, C. and Howatt, A. (Eds.), *Interlanguage*, Edinburgh: Edinburgh University Press, pp 291-311.

Henry, A., Andrews, A., Ó Cainín, P. (2002) *Developing Linguistic Accuracy in Irish-medium Primary Schools*, DE Research Report Series, Bangor, Northern Ireland: Department of Education.

Hickey, T. (1997) *Early Immersion Education in Ireland*: *Na Naoínraí*, Dublin: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Horgan, S. E. (1995) *A Study of the Linguistic and Cognitive Development of Junior Infant Class Children in Gaelscoileanna in Cork City and County*, unpublished MEd Thesis, University College Cork.

Johnson, K. and Swain, M. (1997) *Immersion Education: International Perspectives,* Cambridge: Cambridge University Press.

Knipe, D., Bunting, G., Ó Labhraí, J., Nig Uidhir, G. and Mhic Aoidh, E. (2004) *The Professional Development of Teachers and Principals in Irish-Medium Education*, DE Research Report 34, Bangor, Northern Ireland: Department of Education.

Krashen, S. (1984) Immersion: why it works and what it has taught us, *Language and Society,* 12, pp 61-68.

Laing, D. (1988) Two decades of immersion education in Canada, *Oideas*, 32, pp 22-35.

Mac Corraidh, S. (2008) *Ar Thóir an Dea-chleachtais: The Quest for Best Practice in Irish-medium primary schools in Belfast,* Belfast: Cló na Banríona, QUB.

**Miontuairiscí an 68ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé hAoine 14 Samhain 2008 san Óstán Alexander, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leaschathaoirleach), C. Nic Pháidín, É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, M. Gallagher, S. Breathnach, P. Ó Biadha, A. Nic Chárthaigh, L. Bhreatnach, M. Nic Giolla Mhichíl, D. Ó Béarra agus A. Andrews.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin, N. Ní Ógáin agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** L. Kennedy.

**01.68 MIONTUAIRISCÍ DEN 19 MEÁN FÓMHAIR 2008**
Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

**NITHE AG ÉIRÍ ASTU**
Scaipeadh leagan le leasaithe a bhí molta ag na ranna, a fuarthas an tráthnóna roimhe, de Dhréachtphlean Gnó 2009 ar na comhaltaí. Aontaíodh go gcuirfí ar an chlár don chéad chruinniú boird eile i mí na Nollag é. Léiríodh díomá gur leagan Béarla amháin a seoladh ar ais in ainneoin gur leagan Gaeilge a cuireadh chucu agus iarradh é sin a chur in iúl do na ranna urraíochta.
Bhí plé ann faoin tseirbhís nua nuachtáin agus tuiscint an Bhoird ar "Seirbhís leictreonach". Aontaíodh gurb é a bhí i gceist ná go mbeadh an leagan leictreonach, móide seirbhísí breise, ar fáil saor in aisce dhá lá i ndiaidh cóip chrua a fhoilsiú. Cuireadh in iúl nach mbeadh Lá Nua ag glacadh leis an síneadh ama go dtí 31 Márta 2009 a tairiscíodh dóibh.
Ardaíodh ceist faoi na 5 phost a ceadaíodh do Ghaoth Dobhair. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh an cheist curtha faoi bhráid an Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais ag an cheardchumann SIPTU.
Cuireadh ceist faoin mháistir gréasáin agus cuireadh in iúl gur le MediaOne a bhí an conradh bliana leis an obair a chur i gcrích.
Scaipeadh moltaí ar na comhaltaí maidir le cruinnithe Boird i 2009. I ndiaidh plé faoi líon na gcruinnithe aontaíodh go dtiocfadh an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach ar ais le moltaí le haghaidh cruinnithe Boird le linn 2009 taobh istigh de sheachtain.
**D'fhág A. Andrews an cruinniú.**

**02.68 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS**
**D'fhág E. Mac Cormaic, A. Nic Chárthaigh, M. Mac Ruairí agus M. Nic Giolla Mhichíl an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Forbairt Naíonraí Teo | 0801496 | €1,810,030 |

Moladh deontas nach mó ná €1,185,937 a cheadú do Forbairt Naíonraí Teo mar bhunmhaoiniú don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Gaelscoileanna Teo | 0801499 | €967,094.36 |

Moladh deontas nach mó ná €491,559.00 a cheadú do Gaelscoileanna Teo mar bhunmhaoiniú don bhliain 2009.
Ghlac an Bord leis na moltaí thuas.

**D'fhill E. Mac Cormaic, A. Nic Chárthaigh, M. Mac Ruairí agus M. Nic Giolla Mhichíl ag an phointe seo.**

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Iontaobhas na Gaelscolaíochta | 0801464 | £95,100 |

Moladh deontas nach mó ná £75,000 (£39,999 i 2008 agus £35,001 i 2009) a cheadú d'Iontaobhas na Gaelscolaíochta don tréimhse 2008-09.
Ghlac an Bord leis an moladh.

Scaip an Príomhfheidhmeannach eolas ar na comhaltaí maidir le Cultúrlann an Ghaeláras i nDoire. Chuir sé in iúl gur tugadh cuireadh dó freastal ar chruinniú a bhí ag an Ghaeláras leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar 12 Samhain agus gur chuir an tAire in iúl go mbeadh sé sásta íocaíocht bhreise de £282,329.13 a dhéanamh leis an Fhoras i 2008 le cur ar aghaidh chuig an Ghaeláras. D'aontaigh an Bord go dtiocfadh an íocaíocht bhreise a dhéanamh leis an Ghaeláras faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le híoc deontais a bheith le comhlíonadh sula ndéanfaí aon íocaíocht leo.

Cuireadh ceist faoin mhír "tionscadal caipiteach" a bhí luaite sa ráiteas caiteachais. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh plé ar siúl leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) faoi na dréacht treoirlínte a bhí seolta ar aghaidh chucu. Chuir sé in iúl chomh maith go mbeadh scéim chaipitil an Fhorais le faomhadh ag na Ranna urraíochta agus ag an CATT. Dúirt sé go raibh féidearthacht ann maoiniú caipitil a aistriú ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile mura mbeadh sé caite ag deireadh na bliana. Aontaíodh go gcuirfí nóta eolais faoin ábhar seo ar fáil ag an chruinniú Boird i mí na Nollag.

## 03.68 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc don chruinniú. Luaigh sé tuairisc an Iniúchóra Inmheánaigh maidir leis an Scéim Phobail Gaeilge 2008 – 2010 agus dúirt sé gur léirigh an tuairisc go raibh an Scéim ag feidhmiú go maith agus go héifeachtach. Dúirt sé gur aimsíodh botún cléireachais maidir le híocaíocht amháin atá ceartaithe anois ach a mbéarfadh córas cuntasaíochta an Fhorais air ar aon chaoi roimh dheireadh na bliana. Mhínigh sé go raibh plé fós ar siúl acu maidir le coimhlint leasa agus go mbeadh siad ag amharc ar an ábhar ina dhá chuid:
1. An polasaí um choimhlint leasa féin, agus,
2. Cur i bhfeidhm an pholasaí.

Dúirt sé go raibh litir le hullmhú aige féin agus ag an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ina leith le scaipeadh ar na comhaltaí.

## 04.68 TUAIRISC ÓN CHOISTE POLASAÍ AGUS PLEANÁLA

**D'fhág A. Nic Chárthaigh agus C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**
Thug Cathaoirleach an Choiste Polasaí agus Pleanála tuairisc ar an chruinniú a bhí acu ar 4 Deireadh Fómhair chun na dréachtbheartais theanga a bhaineann leis an Straitéis 20 bliain atá a ullmhú ag an RGPTG, a dhréachtú. Dúirt sí gur scaipeadh na beartais ar na comhaltaí agus go bhfuil siad seolta ar aghaidh chuig na Comhairleoirí. Thug sí cur síos ar an chruinniú a bhí acu leis an Dr. P. Ó Flatharta, atá mar Chomhairleoir ag an RGPTG maidir leis an Straitéis 20 bliain, ar 31 Deireadh Fómhair. Scaipeadh nóta eolais a bhí ullmhaithe

ag an Dr. Ó Flatharta don choiste P&P faoi na céimeanna a bhí glactha agus atá le glacadh maidir leis an straitéis.

**D'fhill A. Nic Chárthaigh agus C. Nic Pháidín ag an phointe seo.**

## 05.68 TUAIRISC ÓN CHOISTE NUACHTÁN AGUS IRISÍ

Thug Cathaoirleach an Choiste Nuachtán agus Irisí tuairisc don chruinniú. Dúirt sé gur tugadh cuireadh do Cholm Ó Tórna eagarthóir Saol theacht chuig an chéad chruinniú eile den choiste.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar faisnéis dhíolmhaitheí faoi Chui 1 Mír 2 agus Cuid 2 Mír 1 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Mhol an Coiste síneadh ama go dtí 31 Bealtaine 2009, ar an ráta céanna - €5,500 an eagrán -, a thabhairt d'Oideas Gael leis an iris idirlín www.bco.ie a fhoilsiú.
Ghlac an Bord leis an moladh.

## TUAIRISC ÓN CHOISTE ACHOMHAIRC

Thug Cathaoirleach an Choiste Achomhairc tuairisc don chruinniú maidir le hiarratas ar achomharc ó Cheol Aduaidh a pléadh ag cruinniú ar 24 Deireadh Fómhair 2008.

Dhiúltaigh an Coiste Achomhairc don achomharc.

Thagair sé don mholadh a bhí déanta ag an Choiste maidir le litreacha admhála a sheoladh amach chuig iarrthóirí.

## 06.68 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 31 DEIREADH FÓMHAIR 2008 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO DTÍ 31 NOLLAIG 2008

Scaipeadh Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Deireadh Fómhair 2008 maraon le buiséad athbhreithnithe go 31/12/2008.

Ghlac an Bord leis.

Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

## 07.68 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAIS AR DHEONTAIS

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

Aontaíodh go n-ullmhófaí scarbhileog ag léiriú an maoiniú a ceadaíodh ag na leibhéil éagsúla taobh istigh den Fhoras sa bhliain reatha.
Aontaíodh go scaipfí cóipeanna de na Céimeanna sa phróiseas Deontas arís ar chomhaltaí.

## 08.68 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE

**Pléadh an mír seo ag deireadh an chruinnithe. D'fhág A. Nic Chárthaigh agus C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**
Aontaíodh go gcuirfí litir chuig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag iarraidh air bualadh le toscaireacht ó Fhoras na Gaeilge.

Aontaíodh go mbeadh Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach an Bhoird, Cathaoirleach an Choiste Polasaí agus Pleanála agus an Príomhfheidhmeannach ar an toscaireacht a bheadh ag bualadh leis an Aire chun na príomhbheartais agus Plean 2028 a phlé.

## 09.68 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Chuir an Príomhfheidhmeannach an Bord ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

- Go raibh cruinniú ag na Príomhfheidhmeannaigh ar na Forais tras teorainn le Comhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas ar 10 Samhain. Chuir sé in iúl go mbeadh na Forais tras teorainn ag teacht os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí ó thuaidh i mí Eanáir / Feabhra 2009 ach nach raibh na dátaí cinntithe fós.
- Go raibh leachtú Colmcille ag dul ar aghaidh. Cuireadh cáipéis ar fáil do na comhaltaí maidir leis na cainteanna idir an dá fheidhmeannas, Foras na Gaeilge agus Bord na Gaidhlic. Mhol an Bord go lonnófaí an duine a bheadh i gceannas ar an eagraíocht i mBaile Átha Cliath sa chás gur in Éirinn a bhí an duine le bheith. Iarradh ar an fheidhmeannas scríobh chuig an RGPTG faoi seo.
- Gur fhreastail sé ar chruinniú den Ghrúpa Idir-rannach um Forfheidhmiú na Cairte (GIFC) a bhunaigh RCEF le plé le feidhmiú na Cairte Eorpaí. Chuir sé in iúl go bhfuil iniúchadh le déanamh ar an SSTÉ maidir le líon na bhfostaithe i Státseirbhís Thuaisceart Éireann (SSTÉ) a bhfuil Gaeilge acu.
- Go raibh comhfhreagras faighte maidir le pinsean fhostaithe cuid de na heagrais bhunmhaoinithe agus go raibh an Stiúrthóireacht Seirbhísí Forbartha ag plé leis na heagrais i gceist.
- Go dtiocfadh le fadhb a bheith ag na ranna ó thuaidh atá ag plé le Forais a fheidhmíonn in Euro iomlán an bhuiséid le haghaidh 2008 a dhíol leis na Forais toisc an ráta malartaithe a bheith ardaithe go mór ón ráta a socraíodh ag tús na bliana. Aontaíodh an buiséad ag ráta €1 = £0.67 ach go raibh an ráta níos airde ná £0.80 le tamall. Maidir le Foras na Gaeilge chuir sé in iúl go bhfuil iarratas déanta ag RCEF ar Roinn Airgeadais & Pearsanra leis an airgead breise a bheidh de dhíth ar RCEF a fháil.
- Luadh neamhláithreacht chomhalta amháin le trí chruinniú agus aontaíodh go scríobhfadh an Cathaoirleach chuig an Chomhalta.
- Pléadh na folúntais ar choistí an Fhorais agus aontaíodh go n-ullmhódh an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach ainmniúcháin don chéad chruinniú eile.

## 10.68 CLÁR NA LEABHAR GAEILGE

**D'fhág C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Bhí plé ann faoi na moltaí maidir le buiséad Chlár na Leabhar Gaeilge 2008 a bhí faoi bhráid an chruinnithe. (Aguisín1)

Ghlac an Bord leis na moltaí.

**D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.**

## 11.68 RÚIN

Cuireadh trí rún faoi bhráid an bhoird ó Chathaoirleach an Choiste Polasaí agus Pleanála agus ghlac an bord leo. (Aguisín 2)

## 12.68 COMHFHREAGRAS

Rinneadh plé ar chomhfhreagras a fuarthas ón Cheathrú Ghaeltachta ag iarraidh beannacht an Bhoird maidir le cónascadh Forbairt Feirste agus an Cheathrú Gaeltachta. Aontaíodh go scríobhfaí ar ais ag rá gurbh fhearr cloí leis an socrú reatha go dtí go mbeadh an tréimhse reatha maoinithe le RCEF istigh agus pilleadh ar an cheist ansin.

**13.68 TUAIRISC OIBRE**

Thug an Bord suntas don tuairisc oibre. Chuir C. Nic Phaidín in iúl gur bhain an bunachar náisiúnta téarmaíochta www.focal.ie duais amach don "Suíomh Gaeilge is Fearr" ag an Irish Web Awards, 25 Deireadh Fómhair 2008.

**14.68 AON GHNÓ EILE**
Níor pléadh aon ghnó faoin mhír seo.

**Liam Ó Maolmhichíl**
Cathaoirleach
15 Nollaig 2008

Aguisín 1

**Cruinniú Boird 14 Samhain**
**Mír 10**

# Clár na Leabhar Gaeilge

Tá an t-eolas seo a leanas maidir le buiséad Chlár na Leabhar Gaeilge le clárú don Bhord:

1. Ag an chruinniú ar 19 Meán Fómhair cheadaigh an Bord deontas de €10,000 le haghaidh Comhar na Múinteoirí Gaeilge leis an scéim "Scríobh Leabhar" a leathnú chuig scoileanna iar-bhunleibhéal. Tá curtha in iúl ag Comhar na Múinteoirí nach mbeidh an t-airgead sin a chaitheamh acu sa bhliain reatha agus mar sin moltar é a díscríobh.

2. Tá €50,538.56 as an €968,081 a ceadaíodh faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2008 le díscríobh mar nach gcaithfear anois é i 2008.

| **Ainm** | **€** |
|---|---|
| Arlen House | 31,000.00 |
| Púca Press | 7,000.00 |
| An Sagart | 1,538.56 |
| Leabhar Breac | 6,000.00 |
| Móinín | 5,000.00 |
| **Iomlán** | **50,538.56** |

3. Tá €2,500 as an €143,200 a ceadaíodh i 2008 le haghaidh Scéimeanna Scríbhneoireachta 2008 (agus atá faoi láthair i mbuiséad 2008) le cur ar aghaidh chuig 2009 mar ní chaithfear an t-airgead le linn 2008.

| **Ainm** | **€** |
|---|---|
| Nuala Ní Dhomhnaill | 500.00 |
| Cló-Iar Chonnachta | 1,000.00 |
| Leabhar Breac | 1,000.00 |
| | **2,500.00** |

4. Tá €30,333.27 le díscríobh faoin mhír "Scéimeanna Scríbhneoireachta"

| | | € | € | € |
|---|---|---|---|---|
| | | **14/03/2008** | **Le díscríobh** | **Fuílligh nua** |
| Ceangaltais ag 31/12/07 | (a) | 116,856.00 | 29,698.80 | 87,157.20 |
| Ceadaithe i 2008 | (b) | 143,200.00 | 634.47 | 142,565.53 |
| | | 260,056.00 | 30,333.27 | 229,722.73 |
| | | | | |
| Buiséad 2008 | | 260,000.00 | | 212,209.73 |

(a)

| **Ainm** | **Le díscríobh 2008** |
|---|---|
| Pádraig Ó Fiannachta | 350.00 |
| Bríd Ní Mhóráin | 260.95 |
| Cathal Ó Searcaigh | 1,850.00 |
| Ailbhe Ní Ghearbhuigh | 1,000.00 |
| Pádraig Standún | 350.00 |
| Mícheál Ó Conghaile | 1,350.00 |
| Máire Ní Eidhin | 1,000.00 |

| | |
|---|---|
| Máire Ní Chatháin | 4,000.00 |
| Máire Ní Chatháin | 1,000.00 |
| Cló Iar Chonnachta | 1,000.00 |
| Mícheál Ó Catháin | 640.00 |
| Coiscéim | 1,000.00 |
| Ríona Ní Congáil | 4,000.00 |
| Dr Stiofán Ó Cadhla | 1,725.48 |
| Seán Mac Mathúna | 48.45 |
| Caitríona Ní Mhurchú | 823.92 |
| Coiscéim | 3,200.00 |
| Coiscéim | 300.00 |
| Futa Fata | 3,200.00 |
| Futa Fata | 100.00 |
| Moinín | 2,400.00 |
| Moinín | 100.00 |
| | **29,698.80** |

(b)

| **Ainm** | **Le díscríobh 2008** |
|---|---|
| Liam Mac Coil | 634.47 |

5. Tá €4,000 faoi Scéim na gCoimisiún 2006 atá faoi láthair i mbuiséad 2008 le cur ar aghaidh chuig 2009 mar ní chaithfear an t-airgead le linn 2008.

| **Ainm** | **€** |
|---|---|
| Tomás Mac Siomóin | 4,000.00 |

6. Nuair a ceadaíodh €185,500 ag Cruinniú Boird 14/03/2008 le haghaidh Scéim na gCoimisiún bhí €2,000 sa bhreis i mbuiséad 2008 seachas 2009.

| | **2008** | **2009** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| Mar a ceadaíodh é | 133,700 | 51,800 | 185,500 |
| Ceart | 131,700 | 53,800 | 185,500 |
| Frank Reidy | 2,000 | | |

7. Bhí na míreanna seo a leanas (€17,613) as an liosta ceangaltais ag 31/12/2007 (€116,256) luaite mar chaiteachas de chuid 2008 sa bhuiséad a d'imigh faoi bhráid an Bhoird ag 14/03/2008 ach is caiteachas 2009 nó níos deireannaí atá i gceist.

| **Ainm** | **€** |
|---|---|
| Cló-Iar Chonnachta | 6,000.00 |
| Coiscéim | 3,000.00 |
| Máire Áine Nic Gearailt | 813.00 |
| Leabhar Breac | 2,000.00 |
| Móinín | 1,000.00 |
| Fionntán de Brún | 4,800.00 |
| | **17,613.00** |

8. Tá na míreanna seo a leanas a ceadaíodh mar chaiteachas 2009 le caitheamh anois le linn 2008.

| **Ainm** | **€** | |
|---|---|---|
| Coiscéim | 1,000.00 | |

| | | |
|---|---|---|
| Donla Uí Bhraonáin | 2,600.00 | |
| Áine Ní Ghlinn | 4,000.00 | |
| Futa Fata | 1,000.00 | |
| | **8,600.00** | |

9. Tá na míreanna seo a leanas ceadaithe le haghaidh 2008.

<u>Feachtas Margaíochta ar leabhair do Dhaoine Óga</u>

| Gníomhaíocht | Costas |
|---|---|
| Today FM: Comórtas a reáchtáil ar chlár Ian Dempsey nó ar chlár Matt Cooper. (Ag brath ar infhaighteacht deiseanna) | €13,000 |
| TV3: Comórtas ar an gclár Ireland AM | €6,000 |
| Costais eile ag baint leis na comórtais | €3,000 |
| Costais Eile: Ábhar bolscaireachta eile, póstaeir, leabharmharcanna &rl | €7,000 |
| **Iomlán** | **€29,000** |

<u>Feachtais Margaíochta ar leabhair do Dhaoine Fásta</u>

Tá tábhacht ar leith ag baint le haird an phobail a dhíriú ar leabhair do dhaoine fásta freisin. Seo a leanas na costais a bhaineann leis an bhfeachtas seo:

| Gníomhaíocht | Costas |
|---|---|
| RTÉ Raidió na Gaeltachta : Comórtas a reáchtáil ar shraith cláracha difriúla | €3,000 |
| Raidió na Life : Comórtais | €500 |
| Raidió Fáilte : Comórtais | €500 |
| Newstalk : Comórtais | €500 |
| Comórtas ar stáisiún náisiúnta | €10,000 |
| **Iomlán** | **€14,500** |

10. **Moltar an méid seo a cheadú le haghaidh Feachtas fógraíochta raidió.**

Chun tacú leis na comórtais agus chun cur leis an bhfeachtas margaíochta is mian linn freisin feachtas fógraíochta raidió a eagrú. Bainfidh an feachtas seo úsáid as sraith fógraí raidió a d'fhorbair Bord na Leabhar Gaeilge cúpla bliain ó shin. Seo a leanas na costais a bhaineann leis an bhfeachtas fógraíochta Raidió:

| Gníomhaíocht | Costas |
|---|---|
| Feachtas fógraíochta raidió thar meascáin de stáisiún náisiúnta agus réigiúnacha | **€65,000** |

Aguisín 2

**Cruinniú Boird: 14 Samhain 2008**

**Mír: 11**

**Rún 1**
Go scríobhfaí litir chuig Éamon Ó Cuív, TD, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag iarraidh air bualadh le comhaltaí Fhoras na Gaeilge le moltaí Beartais Teanga agus Plean 2028 a phlé roimh mhí na Nollag 2008.

**Rún 2**
Go dtionólfaí cruinniú straitéiseach ag an mBord le hobair agus polasaithe Fhoras na Gaeilge agus comhthéacs agus forbairt na Gaeilge a phlé (mí Eanáir).

**Rún 3**
Go dtionólfaí cruinniú speisialta den Bhord le hanailís a dhéanamh ar, agus freagra Fhoras na Gaeilge ar Phlean 2028 (nuair a fhoilsítear é) a ullmhú.

**Miontuairiscí an 69ú cruinniú d'Fhoras na Gaeilge a tionóladh Dé Luain 15 Nollaig 2008 san Óstán Europa, Béal Feirste.**

**I láthair:** L. Ó Maolmhichíl (Cathaoirleach), E. Mac Cormaic (Leaschathaoirleach), C. Nic Pháidín, É. Kinch, D. Ó Murchú, M. Mac Ruairí, S. Breathnach, L. Kennedy, A. Nic Chárthaigh, M. Nic Giolla Mhichíl agus D. Ó Béarra.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), T. Ó Ruairc (Leas-Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais, É. Ó hArgáin (Rúnaí), M. Ó Ríordáin agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** Á. Andrews, L. Bhreatnach, P. Ó Biadha agus M. Gallagher.
Chuir Cathaoirleach an Bhoird in iúl go raibh Máire Gallagher ag éirí as an Bhord mar gheall ar bhrú oibre.

**01.69 MIONTUAIRISCÍ DEN 14 SAMHAIN**
Ghlac an Bord leis na miontuairiscí agus shínigh an Cathaoirleach iad.

**NITHE AG ÉIRÍ ASTU**
Rinneadh na miontuairiscí a leasú tríd an abairt "Tá baint ag na comhaltaí seo le heagrais atá ag fáil bunmhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge" a bhaint.
Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl gur ullmhaíodh litir maidir le coimhlint leasa agus go scaipfí ar na comhaltaí í go luath san athbhliain.
Aontaíodh ar na dátaí le haghaidh cruinnithe Boird i 2009. (Aguisín 1)

**02.69 PLEAN CUMARSÁIDE 2009**
Rinne ionadaithe ó FD cur i láthair ar Phlean Cumarsáide 2009. Aontaíodh go scaipfí cóip de chur i láthair FD ar na comhaltaí.
Aontaíodh go n-ullmhófaí tuairisc ar na forbairtí ar láithreán gréasáin an Fhorais don chéad chruinniú boird eile.

**03.69 PLEAN GNÓ 2009**
Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh cruinniú den CATT ann ar 16 Eanáir agus go mbeadh plean gnó 2009 le faomhadh ar an lá sin. Rinneadh plé ar an dréacht de phlean gnó 2009 a tháinig ar ais ó na Ranna Urraíochta agus aontaíodh ar roinnt leasuithe. Tá an dréacht leasaithe le cur ar aghaidh arís chuig na Ranna Urraíochta. Aontaíodh go gcuirfí dréachtphlean gnó 2010 faoi bhráid an bhoird luath i 2009.

**04.69 TUAIRISC ÓN CHOISTE INIÚCHTA**
Scaip Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc ar an chruinniú a bhí ag an choiste ar 27 Samhain. Chuir sé in iúl leis go raibh Bluett Conran & Co ceaptha mar Iniúchóir Inmheánach an Fhorais go ceann trí bliana 2009 – 2011.

**05.69 CLÁR RIOSCA FHORAS NA GAEILGE**
Ghlac an Bord leis an Chlár Riosca uasdátaithe.
Aontaíodh go ndéanfadh an Coiste Iniúchta leasuithe ar leagan amach an Chlár Riosca a chur faoi bhráid an Bhoird.

**06.69 CÚRSAÍ FOCLÓIREACHTA**
Rinneadh plé ar an mholadh maidir le buiséad an fhoclóra a bhí curtha faoi bhráid an Bhoird ag Coiste an Fhoclóra. (Aguisín 2)
Ghlac an Bord leis.

Aontaíodh go ndéanfaí nós imeachta a ullmhú don chéad chruinniú eile maidir le bainistiú an tionscadail agus modhanna tuairiscithe.

**07.69 RÁITEAS CAITEACHAIS GO DTÍ 30 SAMHAIN 2008 AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO DTÍ 31 NOLLAIG 2008**

Scaipeadh Ráiteas Caiteachais go dtí 30 Samhain 2008 maraon le buiséad athbhreithnithe go 31/12/2008.

Ghlac an Bord leis. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí deireadh na bliana.

**08.69 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE hIARRATAS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

**09.69 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE SCÉIM CHAIPITIL**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir leis an scéim chaipitil.

**10.69 COISTÍ AN FHORAIS**

Rinneadh na ceapacháin a leanas ar choistí an Fhorais:

Tá faisnéis faoi bhallraíocht an choiste fágtha gan nochtadh anseo de bhaol canbhasála.

Iarradh ar an Choiste Polasaí agus Pleanála moladh a dhréachtú don Bhord maidir le hainmniúcháin ar choistí. Aontaíodh go gcuirfeadh Cathaoirligh na gcoistí éagsúla tuairisc ar fáil maidir le hobair na bliana ag cruinniú na Márta.

**11.69 TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH**

Chuir an Príomhfheidhmeannach an Bord ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

Go raibh cruinniú ag toscaireacht ón Fhoras leis an Aire Ó Cuív ar 03 Nollaig. Ag an chruinniú pléadh:

- Plean 2028.
- Buiséad an Fhorais le haghaidh 2009.
- An Fhoclóir nua Béarla / Gaeilge.
- An ráta malartaithe € / £ do 2009.

Go raibh cruinniú ag an LPF/SSO agus aige féin le Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann.

Gur fógraíodh na poist seo:

- Oifigeach Aistriúcháin – (BF)
- Oifigeach Foirne – Óige & Iarscoile (BF)
- Rúnaí Príobháideach (BF)
- Oifigeach Cléireachas (BÁC)
- Fáilteoir (BÁC)
- Téarmeolaí Cúnta (Conradh Bliana) (BÁC)

agus go mbeadh na hagallaimh ann idir 16 agus 19 Nollaig 2008.

Go raibh cruinniú, ag an SSC, ag Oifigeach Pearsanra na RGPTG agus aige féin leis an Decentralisation Unit sa Roinn Airgeadais maidir le poist i bhForas na Gaeilge.

Go raibh leachtú Cholmcille ag dul ar aghaidh agus go rabhthas ag súil go mbeadh gach rud curtha i gcrích go luath sa bhliain úr.

Gur tháinig ríomhphost ón Iontaobhas Ultach ag iarraidh an bhunobair ealaíne a rinneadh d'Amra Colmcille a cheannach ó Colmcille.
Dhiúltaigh an Bord don iarratas.

Go mbeadh tuairisc ar an athbhreithniú ar na 10 n-eagras réidh ag Mazars luath i 2009.

**12.69 COMHFHREAGRAS**
Rinneadh plé ar chomhfhreagras a bhí faighte ag iarraidh an nuachtán Foinse a scaipeadh mar fhorlíonadh in éineacht leis an Irish Independent ó thús Eanáir 2009.
Dhiúltaigh an Bord don iarratas.

**13.69 RÚN**
Aontaíodh an rún (Aguisín 3) a chur chuig an Choiste Nuachtán agus Irisí le plé.

**14.69 CLÁR NA LEABHAR GAEILGE**
**D'fhág C. Nic Pháidín an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**
Scaipeadh moladh agus buiséad athbhreithnithe maidir le Clár na Leabhar Gaeilge. (Aguisín 4)
Ghlac an Bord leo.

**D'fhill C. Nic Pháidín ag an phointe seo.**

**15.69 TUAIRISC OIBRE**
Thug an Bord suntas don tuairisc oibre.

**16.69 AON GHNÓ EILE**
Níor pléadh aon ghnó faoin mhír seo.

**17.69 MOLTAÍ Ó CHOISTE NA nDEONTAS**
**D'fhág E. Mac Cormaic, M. Mac Ruairí, M. Nic Giolla Mhichíl agus A. Nic Chárthaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

| **Eagraíocht** | **Códuimhir** | **Méid iarrtha** |
|---|---|---|
| Oireachtas na Gaeilge | 0801469 | €938,669 |

Moladh deontas nach mó ná **€534,161** a chur ar fáil d'Oireachtas na Gaeilge don bhliain 2009.

| **Eagraíocht** | **Códuimhir** | **Méid iarrtha** |
|---|---|---|
| Raidió na Life | 0801484 | €328,450 |

Moladh deontas nach mó ná **€216,113** a chur ar fáil do Raidió na Life don bhliain 2009.

| **Eagraíocht** | **Códuimhir** | **Méid iarrtha** |
|---|---|---|
| An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta | 0801471 | €286,800 |

Moladh deontas nach mó **ná €226,442** a a chur ar fáil don Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Cumann na bhFiann | 0801473 | €934,637 |

Moladh deontas nach mó ná **€507,355** a chur ar fáil do Chumann na bhFiann don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Conradh na Gaeilge | 0801476 | €1,378,079 |

Moladh deontas nach mó ná **€596,965** a chur ar fáil do Chonradh na Gaeilge don bhliain 2009 (€138,509 den méid sin sonraithe do Sheachtain na Gaeilge mar chaiteachas le linn 2010 agus €45,000 sonraithe don iris Feasta).

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Glór na nGael | 0801480 | €766,720 |

Moladh deontas nach mó ná **€626,940** a chur ar fáil do Ghlór na nGael don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Comhluadar | 0801475 | €532,673 |

Moladh deontas nach mó ná **€268,491** a chur ar fáil do Chomhluadar don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Gael-Linn | 0801479 | €1,416,166 |

Moladh deontas nach mó ná **€818,338** a chur ar fáil do Ghael Linn don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Comhaltas Uladh | 0801472 &<br>0801470 (An tUltach) | £148,960 Bunmhaoiniú<br>£24,000 An tUltach |

Moladh deontas nach mó ná **£93,000** a chur ar fáil do Chomhaltas Uladh don bhliain 2009 (£20,000 den méid sin sonraithe don iris An tUltach).

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Raidió Fáilte Teoranta | 0801483 | £190,000 |

Moladh deontas nach mó ná **£93,068** a chur ar fáil do Raidió Fáilte Teoranta don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Pobal | 0801482 | £249,637 |

Moladh deontas nach mó ná **£180,030** a chur ar fáil do Phobal mar bhunmhaoiniú don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Iontaobhas ULTACH | 0801481 | £254,717 |

Moladh deontas nach mó ná **£244,957** a chur ar fáil d'Iontaobhas ULTACH don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Forbairt Feirste | 0801478 | £154,680.33 |

Moladh deontas nach mó ná **£116,069** a chur ar fáil d'Fhorbairt Feirste don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Forbairt Naíonraí Teo / Altram | 0801496 | €1,810,030 FNT<br>€322,590 Altram |

Moladh deontas nach mó ná **€1,484,185** a chur ar fáil d'Fhorbairt Naíonraí Teo./Altram don bhliain 2009 (**€1,185,937** do FNT agus **€298,248** d'Altram).

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| Comhar na Múinteoirí Gaeilge | 0801498 | €315,500 |

Moladh deontas nach mó ná **€222,323** a chur ar fáil do Chomhar na Múinteoirí Gaeilge don bhliain 2009.

| Eagraíocht | Códuimhir | Méid iarrtha |
|---|---|---|
| An tÁisaonad | 0801497 | £461,438 |

Moladh deontas nach mó ná **£367,637** a chur ar fáil don Áisaonad don bhliain 2009.

**0801422 – An Mheitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal faoi chúram Choláiste Phádraig, Droim Conrach – Siollabas agus Áiseanna Teagaisc don Ghaeilge ag an 3ú Leibhéal**

Moladh an phróifíl leasaithe seo a leanas don tionscadal

| |
|---|
| 2008 – €12,924.14 |
| 2009 – €57,075.86 |

**0701150 – Flúirse Ltd. – Scéalta Gearra & Is Maith Liom Gaeilge 1-4**
Moladh an phróifíl leasaithe seo a leanas don tionscadal

| |
|---|
| 2007 – €30,000 |
| 2008 – €20,000 |
| 2009 – €10,000 |

Moladh deontas Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, An Gaeláras agus Cultúrlann McAdam Ó Fiaich a íoc ag leibhéal 2008 lúide 4.5% go dtí go mbeadh deontas 2009 ceadaithe ag an Bhord.

Maidir le haon fholúntas a thiocfaidh chun cinn sna heagraíochtaí bunmhaoinithe le linn 2009, moladh go mbeadh orthu cás a dhéanamh i scríbhinn le Foras na Gaeilge le maoiniú a tharraingt leis an bhfolúntas sin a líonadh. Bheadh ar an eagraíocht an cás a dhéanamh go bhfuil gá leis seo i bhfianaise thosaíochtaí na heagraíochta agus Fhoras na Gaeilge ag an am.

Ghlac an Bord leis na moltaí thuas.

**Liam Ó Maolmhichíl**
Cathaoirleach
30 Eanáir 2009

Aguisín 1 Cruinnithe Boird le haghaidh 2009

| **Dáta** | **Ionad** | **Cruinniú** |
|---|---|---|
| 30 Eanáir | Baile Átha Cliath | |
| 20 Feabhra | Béal Feirste | Polasaí |
| 20 Márta | Baile Átha Cliath | |
| 15 Bealtaine | Béal Feirste | |
| 19 Meitheamh | Baile Átha Cliath | |
| 16 agus 17 Iúil | Béal Feirste | Polasaí |
| 18 Meán Fómhair | Baile Átha Cliath | |
| 16 Deireadh Fómhair | Béal Feirste | |
| 20 Samhain | Baile Átha Cliath | |
| 18 Nollaig | Béal Feirste | |

Aguisín2

# MOLADH MAIDIR LE BUISÉAD AN FNBG, CRUINNIÚ BOIRD NOLLAIG 2008 – NÓTAÍ

## A. ACHOIMRE

### 1. An gá leis an tionscadal foclóireachta

- Níor foilsíodh foclóir mór Béarla-Gaeilge nua ón mbliain 1959, agus fiú an foclóir mór deireanach Gaeilge-Béarla is i 1977 a chéadfhoilsíodh é agus níl aon nuashonrú déanta air ó shin i leith ;
- Tá sé de dhualgas reachtúil ar Fhoras na Gaeilge an fhoclóireacht a chothú;
- Tá foclóirí cuimsitheacha i bhfoirm leictreonach, a bheidh comhoiriúnach don timpeallacht oibre nua-aimseartha, ag teastáil go géar;
- Tá éileamh faoi leith ar áiseanna teanga mar gheall ar Acht na dTeangacha Oifigiúla i bPoblacht na hÉireann, stádas mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh a bheith bainte amach ag an nGaeilge, agus an borradh atá faoin nGaelscolaíocht in Éirinn;
- Tá foclóirí eile de dhíth a mbeidh an tionscadal seo ina bhunús dóibh (foclóirí d'fhoghlaimeoirí, do dhaltaí scoile, foclóir póca srl).

### 2. Cúlra an tionscadail

Sa bhliain 2000 (Mí na Nollag) d'fhaomh an CATT buiséad de **€3.94 milliún** chun foclóir nua Béarla-Gaeilge a chur ar fáil, a mbeadh 50,000 ceannfhocal Béarla ann. Bhí an buiséad bunaithe ar mholadh a cuireadh faoi bhráid an CATT i dTuairisc an Ghrúpa Oibre sa bhliain sin.

Cuireadh clabhsúr le Céim 1 den tionscadal sa bhliain 2006, agus cuireadh tús le Céim 2 an bhliain seo caite (2007). Síníodh an conradh do Chéim 2a le conraitheoir seachtrach ag tús na bliana 2008. Rinneadh pleanáil agus dearadh an fhoclóra a shainiú i gCéim 1; tiomsú agus scríobh na nIontrálacha atá i gceist i gCéim 2.

### 3. Táirgí soláthraithe cheana féin

Mar thoradh ar Chéim 1 den tionscadal cuireadh na príomhtháirgí seo a leanas ar fáil:

- Dearadh teicniúil an fhoclóra – leagan amach na n-iontrálacha agus sonrú teicniúil ar an mbunachar sonraí
- Corpas de 30 milliún focal Gaeilge agus 25 milliún focal de Bhéarla na hÉireann (féach mír E thíos);
- Dréachtliosta na gCeannfhocal Béarla don fhoclóir (50,000 focal);
- 100 iontráil shamplach dréachtaithe
- An Treoir Stíle, ina leagtar síos na polasaithe agus na rialacha maidir le scríobh an fhoclóra.

### 4. Ídiú ar an mbuiséad ceadaithe

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar na mbonn gur faisnéis í a bhfuil íogaireacht tráchtála ag roinnt léi.

## B. AN BUISÉAD I mBLIANA

### 1. Buiséad leasaithe – Rogha A

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar na mbonn gur faisnéis í a bhfuil íogaireacht tráchtála ag roinnt léi.

### 2. Buiséad leasaithe – Rogha B

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar na mbonn gur faisnéis í a bhfuil íogaireacht tráchtála ag roinnt léi.

C. **LAGHDÚ AR CHAITEACHAS - *ROGHA B* vs *ROGHA A***

Tá laghdú suntasach ar an gcaiteachas sa leagan seo den bhuiséad, ***Rogha B***, i gcomparáid le ***Rogha A***, go príomha de bharr na leasuithe seo a leanas a bheith curtha i gcrích:

1. **Céim 2b curtha faoi choimirce Fhoras na Gaeilge**
   Tá an chéim seo (céim an aistriúcháin) curtha faoi choimirce an Fhorais, seachas í a chur amach ar conradh chuig táirgeoir seachtrach faoi mar a bhí beartaithe roimhe seo. Fágann sé seo gur féidir na costais a bhain leis an bhfochéim sin a stiúradh mar fhothionscadal faoi leith a shrianadh go suntasach. Anuas air sin, tugann an cur chuige seo breis solúbthachta don Fhoras maidir le daoine a mhalartú ó chéim an aistriúcháin go dtí céim na heagarthóireachta, agus *vice-versa*, de réir riachtanas an tionscadail ó am go chéile.


2. **Laghdú ar líon na gceannfhocal**
   Laghdófar líon na gceannfhocal ó 50,000 go dtí circa 40,000 ceannfhocal. Cuirfidh sé seo ar chumas an tionscadail cloí le 2012 mar spriocdháta foilsithe, agus foclóir cuimsitheach a chur amach ar chostas níos lú ná mar a bhí sa bhuiséad molta do rogha A.

3. **Leas a bhaint as foireann reatha an Ghúim**
   Tá sé curtha san áireamh sa bhuiséad go ndéanfaidh foireann reatha an Ghúim 20% den obair aistriúcháin agus eagarthóireachta. Meastar go mbeidh coibhéis duine amháin lánaimseartha de chuid fhoireann reatha an Ghúim ag teastáil chuige sin, ar feadh tréimhse 3.5 bliana.

D. **TRÉIMHSE AN TIONSCADAIL**

Is tréimhse de 4 bliana eile a bheas ag teastáil chun na céimeanna eile den tionscadal a chur i gcrích, leis na fochéimeanna seo a leanas:

| Céim | Gníomhaíocht | Tréimhse (míonna) | Dáta Tosaithe | Dáta críoch-naithe |
|---|---|---|---|---|
| 2a | Scríobh na gCreataí Iontrála Béarla | 30 | 02/2008 | 08/2010 |
| 2b | An tAistriúchán | 27 | 10/2009 | 12/2011 |
| 2c | An Eagarthóireacht | 30 | 01/2010 | 06/2012 |
| 3 | Foilsiú | 15 | 10/2011 | 12/2012 |




**Réamhtheachtaí an sceidil thuasluaite:** le gur féidir na spriocdhátaí thuasluaite a bhaint amach, ní mór:

1. An moladh a bheith faofa ag Bord an Fhorais faoi dheireadh Mhí na Nollag 2008;
2. An rogha a bheith faofa ag an Aire agus ag an CATT faoi dheireadh Mhárta 2009;
3. Go mbeidh sé ar chumas thionscadal an Fhoclóra daoine a earcú, agus/nó obair a dháileadh amach do dhaoine ar conradh, a luaithe agus is féidir sa bhliain 2009, agus faoi thús Mheán Fómhair ar a dhéanaí.
4. Go dtosóidh foireann reatha an Ghúim ag obair ar a sciar siúd den saothar i mí Meán Fómhair 2009.

E. **TÁIRGÍ AN TIONSCADAIL**

Anuas ar an bhFoclóir féin a bheith mar thoradh ar an tionscadal, tá sé beartaithe roinnt táirgí eatramhacha a chur ar fáil lena linn:

| Bliain | Táirgí |
|---|---|
| **2009** – 06 | • Ábhar samplach ó na Creataí Iontrála Béarla ar www.focloir.ie |
| **2009** – 12 | |
| | |
| **2010** – 06 | • Rochtain don phobal ar an gCorpas Gaeilge reatha ar líne;<br>• Ábhar aistrithe samplach ón bhFoclóir Nua (cuid 1) ar www.focloir.ie |
| **2010** – 12 | • EID leictreonach ar fáil (leagan leictreonach d'Fhoclóir de Bhaldraithe);<br>• Ábhar aistrithe samplach (cuid 2) ar www.focloir.ie |
| | |
| **2011** – 06 | • Ábhar aistrithe samplach (cuid 3) ar www.focloir.ie |
| **2011** – 12 | • Corpas comhthreomhar ar fáil don phobal (is corpas é seo ina dtaispeántar an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla den téacs céanna taobh le taobh; beidh sé ina áis an-úsáideach ag aistritheoirí, ag foghlaimeoirí agus ag taighdeoirí go háirithe).<br>• Ábhar aistrithe samplach (cuid 4) ar www.focloir.ie |
| | |
| **2012** – 06 | • Ábhar aistrithe samplach (cuid 5) ar www.focloir.ie |
| **2012** – 12 | • FNBG ar fáil (leagan clóite & leictreonach) |

Anuas ar na táirgí thuasluaite, cuirfidh an tionscadal ar fáil:

- bunachar sonraí foclóireachta a bheidh soleasaithe agus infhorbartha, agus a bheidh ina dhúshraith d'fhoclóirí eile amach anseo – foclóirí póca, foclóirí scoile, foclóir nua Gaeilge-Béarla srl.
- corpas comhthreomhar a bheidh mar áis fhónta do scoláirí agus do thaighdeoirí teangeolaíochta (earnáil atá ag baint leasa as an gcorpas reatha cheana féin);
- meitheal de dhaoine cáilithe a mbeidh saintaithí agus oiliúint i gceird na foclóireachta Gaeilge faighte acu.

## F. FOIREANN AN TIONSCADAIL

Sa bhuiséad seo (***Rogha B***) glactar leis go mbeidh an pearsanra seo a leanas ar fáil don tionscadal:

### 1. Baill foirne lánaimseartha

i.e. baill foirne a bheas ina bhfostaithe lánaimseartha ag Foras na Gaeilge ar feadh tréimhse ama teoranta.

| Post | Nóta Tráchta |
|---|---|
| 3 Eagarthóir Shinsearacha | Ó thús 2010 go dtí deireadh 2012 (beirt ar thréimhse 3 bliana, duine amháin ar thréimhse 2 bhliain).<br>Poist nua. |
| 3 Aistritheoir | Ó 1/2010 go dtí 12/2011 (2 bhliain).<br>Poist nua. |
| 2 bhall foirne riaracháin | Ó lár 2009 go dtí deireadh 2012 (3.5 bliana)<br>Poist nua.<br>Príomhdhualgais: Bainistiú ar an sruth oibre, dáileadh na bpacáistí oibre, cúrsaí TE, obair chléireachais & taighde a dhéanamh ar na ceannfhocail agus ar mheasúnú na gcreataí iontrála. |

| | |
|---|---|
| Ionchur fhoireann reatha an Ghúim | 20% den obair. Meastar gurbh ionann sin agus coibhéis aon duine amháin lánaimseartha. |

2. **Obair ar conradh**
Déanfar pacáistí oibre a dháileadh ar dhaoine seachtracha ar conradh anuas ar obair a chur faoi bhráid an phearsanra thuasluaite. D'fhéadfadh na daoine sin bheith ag obair go páirtaimseartha nó go lánaimseartha ar na pacáistí oibre sin.

| **Ról** | **Nóta Tráchta** |
|---|---|
| Aistritheoirí | Coibhéis **3.1** duine lánaimseartha, sa tréimhse ó thús 2010 go dtí deireadh 2011 (2 bhliain) |
| Eagarthóirí | Coibhéis **2.1** duine lánaimseartha, sa tréimhse ó thús 2010 go dtí lár 2012 (30 mí) |

## G. NA CÚISEANNA LEIS AN MÉADÚ AR AN mBUISÉAD

Is méadú de **€5.386 milliún** atá i mbuiséad ***Rogha A*** ar an mbuiséad a faomhadh sa bhliain 2000, agus fiú sa bhuiséad leasaithe atá á mholadh sa cháipéis seo (***Rogha B***) tá méadú de **€2.148 milliún** i gceist ar an mbunbhuiséad de **€3.94 milliún**. Is iad seo a leanas na príomhchúiseanna atá leis na méaduithe suntasacha seo:

1. **Meastachán 2000 ina gharmheastachán**
Faoi mar a luaitear sa cháipéis a cuireadh faoi bhráid na Comhairle Aireachta ag an am (*Aguisín H*), is garmheastachán a bhí sna costais a luadh sa bhliain 2000. Ó tharla nár tiomsaíodh foclóir mór sa Ghaeilge le breis is 20 bliain roimh an dáta sin, ní fhéadfaí meastachán cruinn a ríomh in 2000, cheal saineolais agus taithí sa réimse seo.

2. **Costais foilsithe**
Níor cuireadh an leagan leictreonach san áireamh agus na costais foilsithe á measúnú sa bhliain 2000.

3. **Rátaí sa réimse aistriúcháin/eagarthóireachta**
Ó faomhadh buiséad na bliana 2000, cuireadh Acht na dTeangacha Oifigiúla i gcrích i bPoblacht na hÉireann in 2003 agus bhain an Ghaeilge stádas mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh amach in 2007. Fágann sin go bhfuil borradh ar an éileamh ar scileanna aistriúcháin agus eagarthóireachta sa teanga dá bharr, agus go bhfuil na táillí ina leith imithe in airde go suntasach.

4. **Tréimhse an tionscadail**
Tréimhse de 5 bliana san iomlán a bhí leagtha síos i mbunbhuiséad an Fhoclóra sa bhliain 2000, ach ar chúiseanna áirithe leathnaíodh go suntasach ar an tréimhse seo.
12 mhí an tréimhse a bhí leagtha síos do Chéim 1, ach, de bharr leachtú an ITÉ (Institiúid Teangeolaíochta na hÉireann) go príomha, thóg sé 27 mí ó thús deireadh.
Meastar gur tréimhse de 56 mí a bheidh i gceist maidir le Céimeanna 2a/2b/2c. Fágann sé seo gur tréimhse de 7 mbliana a thógfaidh an tionscadal san iomlán, seachas na 5 bliana a bhí luaite i mbuiséad na bliana 2000.

5. **Boilsciú**
Tá méadú tagtha ar bhuiséad an Fhoclóra ó tharla gur gá boilsciú na mblianta 2000-2008 a chur leis an mbunbhuiséad (ráta carnach boilscithe sa tréimhse sin: 35%).

## H. IONCAM Ó DHÍOLACHÁIN

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar na mbonn gur faisnéis í a bhfuil íogaireacht tráchtála ag roinnt léi.

## I. PRÍOMHRIOSCAÍ AN TIONSCADAIL

Is iad seo a leanas na príomhrioscaí atá ag gabháil leis an tionscadal:

| | RIOSCA | TIONCHAR AN RIOSCA AR AN TIONSCADAL | MAOLÚ AN RIOSCA |
|---|---|---|---|
| 1. | Moill ar fhaomhadh don bhuiséad leasaithe a fháil ón CATT | **ARD** – d'fhéadfaí dáta foilsithe an fhoclóra a chur siar agus costais bhreise a thabhú | Feachtas stocaireachta a thionscnamh leis na húdaráis chuí a luaithe agus is féidir. |
| 2. | An buiséad faofa ag an CATT, ach moill ar phróiseas faofa na bpost atá ag gabháil leis | **ARD** – d'fhéadfaí dáta foilsithe an fhoclóra a chur siar agus costais bhreise a thabhú | An cheist seo a ardú leis an Aire Ó Cuív, d'fhonn dlús a chur leis an bpróiseas. |
| 3. | Conarthaí reatha an Bhainisteora Tionscadail agus an Eagarthóra Foclóireachta le bheith rite roimh dheireadh an tionscadail. | **ARD** | • Soiléiriú le fáil ó na ranna maidir le fad na gconarthaí;<br>• Ceist an Eag. Focl.a réiteach leis na ceardchumainn. |
| 4. | Easpa daoine cáilithe a bheith ar fáil do chéimeanna 2b agus/nó 2c (go háirithe ó tharla nach féidir poist bhuana a thairiscint sna céimeanna seo). | **MEÁN** | • An obair a dháileadh ar líon níos mó daoine ar bhonn páirtaimseartha;<br>• Féidearthachtaí maidir le daoine a fháil ar iasacht óna bpoist reatha a fhiosrú. |
| 5. | Beachtú ar an bpróiseas aistriúcháin agus ar an bpróiseas eagarthóireachta – d'fhéadfaí obair bhreise a shainaithint nach bhfuil san áireamh sa phlean reatha | **MEÁN** | Cé go bhfuil méid suntasach tástála déanta cheana féin ar an bpróiseas aistriúcháin, ní mór breis tástála a dhéanamh air seo go leanúnach agus ar an bpróiseas eagarthóireachta freisin (gníomhaíochtaí atá ar bun faoi láthair) |

## J. AGUISÍN – ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHOSTAIS I *ROGHA B* DEN BHUISÉAD

Achoimre ar na príomhchostais sa bhuiséad atá sna figiúirí thíos. Tá an t-eolas seo go léir le fáil freisin sa scarbhileog atá ag gabháil leis an gcáipéis seo, mar aon le miondealú ar na costais uile.

Tá faisnéis fágtha gan nochtadh anseo ar na mbonn gur faisnéis í a bhfuil íogaireacht tráchtála ag roinnt léi.

Aguisín 3

Cruinniú Boird: 15 Nollaig 2008
**Mír:13**

**Rún**

Aithnímid gur cinneadh deacair a bhí ann d'Fhoras na Gaeilge ó thaobh soláthar nuachtán Gaeilge de.

Le dhá mhí anuas ó chinneadh sin, thug go leor daoine i bpobal na Gaeilge le fios gur nuachtán laethúil atá de dhíth orthu.

Mar sin de, déanaimid athdheimhniú gur mian le Foras na Gaeilge agus go bhfuil sé de rún ag Foras na Gaeilge straitéis soiléir a fhorbairt le go mbeidh nuachtán laethúil á fhoilsiú amach anseo arís.

Iarrann an cruinniú seo ar an Choiste Nuachtán agus Irisí moltaí a thabhairt maidir le fíorú na sprice sin.

Idir an dá linn, moltar go soláthrófar seirbhís nuachta laethúil go leictreonach leis an bhearna a líonadh.

Aguisín 4

**Cruinniú Boird 15 Nollaig**
**Mír 14**

# Clár na Leabhar Gaeilge

## Maoiniú

| *Eagraíocht* | *Méid Iarrtha €* | *Méid molta €* |
|---|---|---|
| CLÉ – Leabhar Power 2009 | €89,000 | €60,000 |

Moltar €60,000 a chur ar fáil do ChLÉ don bhfeachtas margaíochta Leabhar Power 2009. Moltar €18,500 den mhaoiniú seo a chur ar fáil dóibh sa bhliain 2008 leis an réamhullmhúchán cuí a dhéanamh agus €41,500 sa bhliain 2009.

| *Eagraíocht* | *Méid Iarrtha €* | *Méid molta €* |
|---|---|---|
| CLÉ – Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath 2009 | €25,000 | €10,000 |

Moltar €10,000 a chur ar fáil do ChLÉ d'Fhéile Leabhar Bhaile Átha Cliath 2009. Moltar €4,500 den mhaoiniú seo a chur ar fáil dóibh sa bhliain 2008 leis an réamhullmhúchán cuí a dhéanamh agus €5,500 sa bhliain 2009.

| **Eagraíocht** | **Méid molta** |
|---|---|
| Coiscéim | €18,477.44 |

Moltar suas le €18,477.44 sa bhreis a chur ar fáil do Choiscéim faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2008. Ag an gcruinniú boird 14 Márta 2008, cheadaigh an Bord €200,000 de chionroinnt táirgeachta do Choiscéim. Níl ach €1,632.56 fágtha sa chionroinnt sin ag an bpointe seo. Leis an €18,477.44, beidh dóthain maoiniú ar fáil chun deontas táirgeachta a íoc le Coiscéim i leith 5 leabhair eile.

## Leasuithe buiséad

Tá an t-eolas seo a leanas maidir le buiséad Chlár na Leabhar Gaeilge le clárú don Bhord:

10. Tá €9,033.70 as an €932,021.54 a bhí sa bhuiséad faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2008 le díscríobh mar nach gcaithfear anois é i 2008.

| **Ainm** | **€** |
|---|---|
| Cló Mhaigh Eo | 1,343.70 |
| Cló Iar-Chonnachta | 6,695.00 |
| Leabhar Breac | 995.00 |
| **Iomlán** | **9,033.70** |

11. Tá na suimeanna seo a leanas do Scéim na gCoimisiún atá faoi láthair i mbuiséad 2008 le cur ar aghaidh chuig 2009 mar ní chaithfear an t-airgead le linn 2008. An t-iomlán atá le cur ar aghaidh ná €22,100.

| Scéim na gCoimisiún | Ainm | € |
|---|---|---|
| 2005 | Coiscéim | 100.00 |
| 2006 | Colm Ó Snodaigh | 3,200.00 |
| 2008 | Dermot Somers | 8,000.00 |
| 2008 | Donla Uí Bhraonáin | 5,200.00 |
| 2008 | T. Mac Siomóin | 4,000.00 |
| 2008 | E. Ó Neill | 1,600.00 |
| | | |
| | Iomlán | **22,100.00** |

12. Tá an tsuim seo a leanas a ceadaíodh faoi Scéim na gCoimisiún 2008 mar chaiteachas 2009 le caitheamh anois le linn 2008.

| Ainm | € |
|---|---|
| T. Mac Siomóin | 4,000.00 |

13. Tá na míreanna seo a leanas a ceadaíodh mar chaiteachas deontais 2008 le díscríobh anois.

| Ainm | € |
|---|---|
| Ceardlanna léirmheastóireachta | 10,000 |
| Féilte éagsúla | 2,000 |
| Scríobh Leabhar | 1,683 |
| Ceardlanna scríbhneoireachta | 434.90 |

14. Tá an deontas do Chomhdháil Meir. Do Léann na hÉireann a ceadaíodh mar chaiteachas 2008 le cur ar aghaidh go dtí na blianta seo a leanas.

| Bliain | € |
|---|---|
| 2009 | 500 |
| 2010 | 500 |
| 2011 | 500 |

# Clár na Leabhar Gaeilge 2008

| | 14/03/08 | 14/03/08 | 20/06/08 | 19/09/08 | 14/11/08 | 15/12/08 | Díscríofa le linn 2008 | Ceangaltais aistrithe chuig 2009 i ndiaidh 14 03 2008 | Ceangaltais 2009 ceadaithe ar 14 03 2008 agus ina dhiaidh. | Ceangaltais 2009 ceadaithe ar 14 03 2008 tugtha isteach i 2008 i ndiaidh 14 03 2008 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Feidhmeannas** | | | | | | | | | | |
| Tuarastail | **135,371.00** | 135,371.00 | 135,371.00 | 135,371.00 | 135,371.00 | 135,371.00 | | | | |
| Trealamh Oifige | **9,000.00** | 9,000.00 | 9,000.00 | 9,000.00 | 9,000.00 | 9,000.00 | | | | |
| Riarachán eile | **98,000.00** | 98,000.00 | 98,000.00 | 98,000.00 | 98,000.00 | 98,000.00 | | | | |
| Sainchomhairle | **22,000.00** | 22,000.00 | 22,000.00 | 22,000.00 | 22,000.00 | 22,000.00 | | | | |
| | | | | 0 | 0 | 0 | | | | |
| **Bord** | | | | 0 | 0 | 0 | | | | |
| Costas na gCruinnithe | **5,000.00** | 5,000.00 | 5,000.00 | 5,000.00 | 5,000.00 | 5,000.00 | | | | |
| Taisteal | **40,000.00** | 40,000.00 | 40,000.00 | 40,000.00 | 40,000.00 | 40,000.00 | | | | |
| | | | | 0 | 0 | 0 | | | | |
| **Foilsitheoireacht** | | | | 0 | 0 | 0 | | | | |
| ***Scéim na Foilsitheoireachta*** | **968,081.00** | | | 0 | 0 | 0 | | | | |
| Grúpa A | | 425,081.00 | 425,081.00 | 429,560.00 | 424,560.00 | 434,998.74 | 13,038.70 | | | |
| Grúpa B | | 538,000.00 | 538,000.00 | 538,000.00 | 492,461.44 | 489,003.44 | 48,996.56 | | | |
| Grúpa C | | 5,000.00 | 15,000.00 | 15,000.00 | 15,000.00 | 15,000.00 | 0 | | | |
| | | | | 0 | 0 | 0 | | | | |

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Scríbhneoireacht** | | | | 0 | 0 | 0 | | | | |
| **Scéimeanna Scríbhneoireachta** | **260,000.00** | | | 0 | 0 | 0 | | | | |
| Scéim na nOidí 2006 (Ceangaltais ag 31/12/2007) | | 13,250.00 | 13,250.00 | 13,250.00 | 7,089.05 | 7,089.05 | 6,160.95 | | | |
| Scéim na nOidí 2008 | | 7,500.00 | 7,500.00 | 7,500.00 | 7,500.00 | 7,000.00 | 0 | 500.00 | 11,750.00 | |
| Scoláireachtaí Taighde | | 2,000.00 | 2,000.00 | 2,000.00 | 1,365.53 | 1,365.53 | 634.47 | | | |
| Scéim na gCoimisiún 2005 (Ceangaltais ag 31/12/2007) | | 10,600.00 | 10,600.00 | 10,600.00 | 1,300.00 | 1,200.00 | 9,300.00 | 100.00 | | |
| Scéim na gCoimisiún 2006 (Ceangaltais ag 31/12/2007) | | 86,423.00 | 86,423.00 | 86,423.00 | 53,170.00 | 49,730.00 | 11,640.00 | 25,053.00 | | |
| Scéim na gCoimisiún 2008 | | 133,700.00 | 133,700.00 | 133,700.00 | 138,300.00 | 119,500.00 | 0 | 22,800.00 | 51,800.00 | 8,600.00 |
| Scéim na Scoláireachtaí 2006 (Ceangaltais ag 31/12/2007) | | 6,583.00 | 6,583.00 | 6,583.00 | 3,985.15 | 3,985.15 | 2,597.85 | | | |
| | | | | 0 | 0 | 0 | | | | |
| **Scríobh Leabhar (COGG)** | **60,000.00** | | | 0 | 0 | 0 | | | | |
| Ceangaltais ag 31/12/2007 | | 38,317.00 | 38,317.00 | 38,317.00 | 38,317.00 | 38,317.00 | | | | |
| Scéim 2008 | | 20,000.00 | 20,000.00 | 20,000.00 | 20,000.00 | 20,000.00 | | | | |
| Scéim 2008 – Comhar na Múinteoirí | | 0 | 0 | 10,000.00 | 0 | 0 | | | | |
| Scéim 2009 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | | | 30,000.00 | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Eile | | 1,683.00 | 1,683.00 | 1,683.00 | 1,683.00 | 0 | 1,683.00 | |
| | | | | 0 | 0 | 0 | | |
| Ceardlanna Scríbhneoireachta | **5,000.00** | | | 0 | 0 | 0 | | |
| Ceangaltais ag 31/12/2007 | | 4,680.00 | 4,680.00 | 4,680.00 | 4,680.00 | 4,565.10 | 114.90 | |
| Eile | | 320.00 | 320.00 | 320.00 | 320.00 | 0 | 320.00 | |
| | | | | 0 | 0 | 0 | | |
| **Léitheoireacht** | | | | 0 | 0 | 0 | | |
| Ceardlanna Léirmheastóireachta | **10,000.00** | 10,000.00 | 10,000.00 | 10,000.00 | 10,000.00 | 0 | 10,000.00 | |
| ILÉ | **35,000.00** | 35,000.00 | 35,000.00 | 35,000.00 | 35,000.00 | 35,000.00 | | |
| | | | | 0 | 0 | 0 | | |
| **Gníomhaíochtaí Eile** | | | | 0 | 0 | 0 | | |
| Oireachtas (duaiseanna & poiblíocht) | **75,000.00** | 75,000.00 | 75,000.00 | 75,000.00 | 75,000.00 | 75,000.00 | | |
| Raidió Fáilte | **10,000.00** | 10,000.00 | 10,000.00 | 10,000.00 | 10,000.00 | 10,000.00 | | |
| | | | | 0 | 0 | 0 | | |
| **Féilte éagsúla** | **35,000.00** | 35,000.00 | | 0 | 0 | 0 | | |
| Féile IMRAM | | | 15,000.00 | 15,000.00 | 15,000.00 | 15,000.00 | | |
| Comhdháil Meir. do Léann na hÉireann | | | 1,500.00 | 1,500.00 | 1,500.00 | 0 | | 1,500.00 |
| Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath 2008 | | | | | 0 | 10,000.00 | | |
| Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath 2009 | | | | | 0 | 4,500.00 | | 5,500.00 |
| Féile Leabhar Karlsruhe | | | | | 0 | 3,000.00 | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oidhreacht Chorca Dhuibhne | | | | | 0 | 500.00 | | |
| Eile | | | 18,500.00 | 18,500.00 | 18,500.00 | 0 | 2,000.00 | |
| **Margaíocht** | | | | 0 | 0 | 0 | | |
| | | | | 0 | 0 | 0 | | |
| Leabhar Power 2008 | **40,000.00** | 40,000.00 | 40,000.00 | 40,000.00 | 40,000.00 | 30,000.00 | | |
| Leabhar Power 2009 | | | | | 0 | 18,500.00 | | **41,500.00** |
| | | | | 0 | 0 | 0 | | |
| Leabhair do dhaoine óga | | | | 0 | 29,000.00 | 29,000.00 | | |
| Leabhair do dhaoine fásta | | | | 0 | 14,500.00 | 14,500.00 | | |
| Fógraíocht Raidió | | | | 0 | 65,000.00 | 65,000.00 | | |
| | | | | 0 | 0 | 0 | | |
| **MÓRIOMLÁN** | **1,807,452** | **1,807,508** | **1,817,508** | **1,831,987** | **1,832,602.17** | **310,000** | | |